RTÉ

Freagracht Chorparáideach 2006

Lucht Féachana agus Lucht Éisteachta/Foireann/ Idirghníomhaíochtaí Gnó/Rialtas agus Rialálaithe/ Comhshaol



Tugann an Coimisiún Eorpach an sainmhíniú seo ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach: Coincheap trína ndéanann cuideachtaí cúramaí sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú lena ngnáthchleachtais ghnó agus lena n-idirbheartaíocht lena bpáirtithe leasmhara, ar bhonn deonach. Áirítear leis seo bainistíocht ar athrú ag an leibhéal comhlachta i modh freagrach ón taobh sóisialta de. Tá forbairt de réir a chéile ar úsáid na téarma seo agus go hiondúil anois is do Fhreagracht Chorparáideach a dhéantar tagairt.

02 Brollach
04 Réamhrá
06 Mar Gheall Ar RTÉ
06 An tírdhreach ag athrú
06 Ag feidhmiú ar son leasa an phobail
07 An Mór-chomhthéacs

08 AG FREASTAL AR RIACHTANAIS ÁR LUCHT FÉACHANA/ÉISTEACHTA
09 Tuiscint ar agus éisteacht lucht féachana/éisteachta
12 Aiseolas ónár lucht féachana/éisteachta
12 Comhairle an Lucht Féachana/Éisteachta
13 Cumhdach leanaí
14 Ag oiliúint na saoránachta
14 Ag léiriú ár sochaí atá ag athrú
15 Ag forbairt talainne
15 Ag saothrú le pobail
19 CÁS-STAIDÉAR Craoltóireacht do Lucht Allaíre

22 FOIREANN RTÉ
23 Fostóir de rogha
23 Luach saothair agus coinníollacha fostaíochta
25 Leas Foirne
25 Scéal na mBan
25 Roghnú agus Forbairt Foirne
26 Caidreamh Foirne agus Comhpháirtíocht in RTÉ
26 Sláinte agus Sábháilteacht
27 An Timpeallacht Fhisiceach Oibre
27 Freagracht Foirne
27 Tacaíocht le carthanais
29 CÁS-STAIDÉAR Comharchumann Cúraim Leanaí RTÉ (Creis)

30 ÁR N-IDIRBHEARTAÍOCHT GHNÓ
31 Ár bhFógróirí
32 Ár Soláthraithe
32 Léiritheoirí Neamhspleácha
35 CÁS-STAIDÉAR RTÉNL agus pobail áitiúla

36 RIALTAS AGUS RIALÁLAITHE
37 Freagrachtaí Údaráis RTÉ
37 (a) An Timpeallacht Rialála Chorparáideach
38 (b) Freagracht Chorparáideach
38 (c) Comhlíonadh Corparáideach
38 (d) Féin-Rialáil
38 (e) Rialáil Sheachtrach
39 Céim sa bhreis
39 Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí
41 CÁS-STAIDÉAR Follasacht i gcaiteachas airgid poiblí

42 AN COMHSHAOL
43 Feasacht
43 An Comhshaol agus an pobal
43 Feabhas leanúnach
43 Bainistíocht maoine
43 Soláthar
43 Bainistíocht dramhaíola
45 CÁS-STAIDÉAR Forbairtí Úrnua sa 'chleachtas is fearr' um chomhshaol

48 Aiseolas
51 Aguisín 1 – Próiseas gearán RTÉ
52 Aguisín 2 – Sábháilteacht cláir i Raidió RTÉ agus i dTeilifís RTÉ
54 Aguisín 3 – Iris Chlub Bricfeasta, iris de chuid RTÉ lyric fm

Le breis agus 70 bliain, tá RTÉ lárnach i saol na hÉireann.

Is troime go mór ar thionchar craolta agus gníomhaíochtaí RTÉ ná ar an tionchar a bhí ag aon ghrúpa meán eile; cuid den bhfáth atá leis seo ná gur ***eagraíocht é RTÉ,*** mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí (PSB) Éireann, ***atá bunaithe ar iontaoibh,*** agus saothraíonn sé chun a chinntiú:

- Gur féidir le lucht féachana/éisteachta a bheith muiníneach as fírinne agus neamhchlaontacht clár Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ
- Gur féidir le lucht féachana/éisteachta muinín a bheith acu go bhfuil RTÉ saor ó thionchar leasanna dílsithe agus ó smacht nó anáil polaitíochta
- Gur féidir le híocóirí na Táille Ceadúnais iontaoibh a bheith acu as RTÉ le seirbhís luach ar airgead a thabhairt dóibh mar aisíoc ar a gcuid íocaíochtaí
- Gur féidir leis an bhfoireann a bheith muiníneach go bhfuil siad ag saothar d'eagraíocht a chaitheann go cothrom leo, a thugann deis féin-fhorbartha dóibh agus a fheidhmíonn ar mhaithe leis an sochaí
- Gur féidir le fógróirí iontaoibh a bheith acu go mbeidh toradh maith acu as a gcuid infheistíochta in am craolta RTÉ – páirtdheimhnithe ag an gcéatadán suntasach de chláir Éireannacha atá i sceidil RTÉ
- Gur féidir le baill de ghrúpaí agus leasanna mionlaigh muinín a bheith acu go bhféachfaidh RTÉ le fónamh ar a riachtanais
- Gur féidir leis na páirtithe leasmhara ar fad iontaoibh a bheith acu as RTÉ le sceidil ardchaighdeáin a sholáthar a bheidh ar fáil ar bhonn saorchraolta agus le cláir a sholáthar a léireoidh meas ar thuairimí an lucht féachana/éisteachta, a chuirfidh lena n-ionchais cultúrtha agus a aithneoidh ábhair spéise réigiúnacha agus éagsúlacht chultúrtha.

Is é croílár sainchúraim PSB na heagraíochta cur leis an muinín seo, rud atá RTÉ meáite ar a chomhlíonadh go cuimsitheach. Is éard atá i gceist le seo ná luach ar airgead a thabhairt dár lucht féachana/éisteachta agus gníomhú go freagrach maidir lenár ngníomhaíochtaí agus ár mbearta corparáideacha.

Tá cur chuige RTÉ maidir le Freagracht Chorparáideach bunaithe ar an gcás morálta go bhfuil freagracht orainn, mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí Éireann, an ceart a chleachtadh ar son sochaí na hÉireann.

Tá RTÉ i ndáiríre maidir le Freagracht Chorparáideach (CR) agus is doiciméad comhairliúcháin é an chéad tuarascáil seo don chuid is mó. Is tuarascáil thosaigh í lena sainaithnítear na príomhréimsí freagrachta, lena dtugtar samplaí ar leith de ghníomhaíochtaí CR agus, go príomha, lena n-iarrtar aiseolas. Beidh an chéad tuarascáil eile múnlaithe cuid mhaith as aiseolas os na páirtithe leasmhara, agus tógfaidh sí ar an gceann seo trí uaillmhianta réalaíocha intomhaiste a leagan amach.

Tá an Tuarascáil CR seo comhlánach le *Tuarascáil Bhliantúil Agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite RTÉ* agus ní chuimsíonn sí an t-ábhar céanna: ba cheart go mbeidís comhlánach. Tá sé mar aidhm aici go mbraithfeadh an lucht féachana/éisteachta tuiscint ar ilghnéitheacht na bhfreagrachtaí corparáideacha a ghlacann RTÉ mar chúram air féin. Níl aon rud nua do RTÉ i gcleachtas an CR ach beimid ag tuairisciú uirthi feasta.

I bhFómhar 2005 seoladh *Creatlach Straitéiseach RTÉ,* a shonraíonn Fís, Misean agus Luachanna na heagraíochta. Is léir ón doiciméad sin go n-aithníonn RTÉ gur gá do a bheith ina dhea-shaoránach corparáideach. Is iad eochaireilimintí an chreata sin:

Is í Fís RTÉ :

- Muinín mhuintire na hÉireann a fhorbairt agus iad á gcur ar an eolas, á spreagadh, ag léiriú agus ag saibhriú a saoil

Is é Misean RTÉ:

- Ilghnéitheacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintire uile na hÉireann a chaomhnú agus a léiriú
- Cláir shainiúla agus seirbhísí ard-uaillmhianacha den gcéad scoth a sholáthar, leis an bhéim ar léiriúchán bhaile
- Pobal na hÉireann a chur ar an eolas trí sheachadadh, ar fud na tire, seirbhíse cuimsithí neamhspleáiche Nuachta den scoth is féidir
- Feidhmiú mar an fhoinse chomhaointaithe rannpháirtíochta náisiúnta ins na mór-imeachtaí ar fad.

Is iad Luachanna RTÉ:

- Feidhmiú de réir leasa an phobail, ag soláthar Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bheidh cothrom neamhchlaonta, cruinn dúshlánach
- Nascadh lenár lucht féachana/éisteachta trína riachtanais a thuiscint agus a shásamh
- Seirbhís luach ar airgead a sheachadadh
- A bheith cruthaitheach i ngach a ndéanaimid
- A bheith ionraic follasach inár ngníomhaíochtaí uile
- Freagracht phearsanta a ghlacadh as coinneáil le spriocanna na hEagraíochta
- A bheith freagrach lenár bhfostaithe agus breathnú ar gach duine mar aonán
- Feidhmiú gach duine, gach roinn, gach rannóg agus na hEagraíochta féin a bharrfheabhsú trí obair le chéile
- Meas a bheith againn ar a chéile agus ar ár n-éagsúlacht
- Mórtas a bheith againn as gach a ndéanaimid, gach a bhfuilimid agus gach a gcruthaímid

Is í an iontaoibh bonnchloch RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Bíonn ár luchtanna féachana / éisteachta in ionchas sinn a bheith neamhspleách neamhchlaonta ionraic inár ngníomhaíochtaí ar fad. De réir mar a ndéanaimid forbairt ar ár dtuairisciú ar Fhreagracht Chorparáideach, creidimid go mbeidh sí mar dhearbhú breise dár lucht féachana/éisteachta, rud atá tuillte acu óna gCraoltóir Seirbhíse Poiblí náisiúnta.

Is é croíthéarma tagartha RTÉ na cláir agus na seirbhísí a ghabhann leo, a chuireann ar an eolas, a oileann agus a chuireann siamsaíocht ar fáil do mhuintir na hÉireann. Tá freagracht ar an eagraíocht a bheith ina shaoránach corparáideach maith agus tá feidhmiú ar son leasa an phobail intuigthe sa mhéid seo.

Is ceart go ndéanfaí tomhas agus measúnú ar an ngné shóisialta agus ar an ngné chomhshaoil dár ngníomhaíochtaí díreach mar a dhéantar ar ár bhfeidhmiú airgeadais. Mar sin, is céadchéim thábhachtach í an Tuarascáil seo ar an tiomantas poiblí atá á dhéanamh againn don bhFreagracht Chorparáideach (CR). Tá na heochairpháirtithe leasmhara a bhfuil freagracht againn astu aibhsithe againn ann chomh maith leis na réimsí inar gá dúinn tionchar ár ngníomhaíochtaí a mheas agus a thuairisciú go rialta – go hoscailte follasach, ag taifeadadh na ndea-scéalta agus na ndrochscéalta araon go neamhchlaonta. Tá cás-staidéar curtha i láthair againn i ngach eochair-réimse chun sampla nithiúil a thabhairt de ghníomhaíocht reatha, lenár gcur chuige praiticiúil i leith CR a chur in iúl. Leagfaimid spriocanna amach le haghaidh feabhsaithe agus déanfaimid tuairisciú ar rath agus ar theip araon i dtuarascálacha amach anseo.

Os í seo ár gcéad Tuarascáil CR tosóimid leis an mór-comhthéacs, agus leanfaimid ar aghaidh le cur síos achomair ar ár ngnó agus ar an timpeallacht chraolacháin atá ag athrú in Éirinn. Is féidir go n-athróidh an creat a roghnaíodh dár dTuarascáil Bhliantúil amach anseo, ach direofar i gcónaí ar na heochairpháirtithe leasmhara agus na ceisteanna a aithníodh:

- Lucht féachana/éisteachta RTÉ, na pobail lena n-oibrímid san áireamh
- Foireann RTÉ
- Idirghníomhaíocht Gnó
- Rialtas agus Rialálaithe
- An Comhshaol.

Táimid freagrach dár bpáirtithe leasmhara agus táimid meáite ar bhaint amach a n-ionchais dlistineacha sin ar ár seirbhísí. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh RTÉ a bheith ionraic maidir lena mhisean agus a luachanna, agus sa chaoi sin cur leis an iontaoibh atá ag an lucht féachana/éisteachta san eagraíocht agus ina sheirbhísí. Tá ionad faoi phribhléid ag RTÉ mar PSB na hÉireann agus caithfidh sé a bheith feasach i gcónaí i dtaobh na bhfreagrachtaí atá i gceist leis sin. Ní hamháin mar a chuirimid in iúl, mar a oilimid agus mar a chuirimid siamsaíocht ar fáil a fheicfear ár dtionchar, ach in ilbhealaí eile, mar shampla mar a:

- nGlacaimid páirt i saibhriú saoil chultúrtha oileáin na hÉireann
- dTacaímid leis an bpróiseas daonlathach
- Léirímid cineál an tsochaí atá ag athrú in Éirinn
- Aimsímid an Diaspóra Éireannach, go háirithe trí RTÉ.ie
- nDéanaimid riaradh ar a riachtanais siúd is mó atá faoi bhuntáiste sa sochaí
- Chabhraímid le muintir na hÉireann an deighilt dhigiteach a shárú.

Go ginearálta, caithfimid fónamh ar ár lucht féachana/éisteachta mar bhaill de shocaí atá ag athrú – agus ní mar thomhaltóirí ár dtáirgí amháin.

Mar Gheall ar RTÉ

Tá RTÉ faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann, agus is eagraíocht sheachbhrabúsach é. Maoinítear é de thuairim is 50% as cistí poiblí (tríd an Táille Cheadúnais) agus de 50% as ioncam tráchtála (ó fhógraíocht agus urraíocht den chuid is mó). Tá mórathruithe tagtha ar RTÉ ón mbliain 2000 agus rinneadh athchóiriú air i sé Rannóg Chomhtháite Gnó (IBDanna) agus lár corparáideach. Is iad na sé IBD ná:

- Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ
- Teilifís RTÉ – ag oibriú dhá chainéal, RTÉ One agus RTÉ Two. Chomh maith leis sin, ar ordú an Rialtais, tá RTÉ tar éis an tríú seirbhís náisiúnta teilifíse a chur ar bun: TG4 a fheidhmíonn go huathrialach faoi choimirce RTÉ ar bhonn go mbunófar é mar sheirbhís neamhspleách.
- Raidió RTÉ – a fheidhmíonn ceithre chainéal, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta
- Foilsitheoireacht RTÉ– an RTÉ Guide, RTÉ Aertel agus RTÉ.ie
- Grúpaí Oirfide RTÉ – Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ, Ceathairéad Téadach Vanburgh RTÉ, Cór na nÓg RTÉ agus Cór Fiolarmónach RTÉ
- RTÉNL – fochuideachta atá go hiomlán i seilbh RTÉ, a reachtaíonn an líonra tarchuir.

Thar aon rud eile, bíonn lucht féachana/éisteachta in Éirinn ag súil le seirbhís nuachta neamhchlaonta agus cláir Éireannacha den scoth ar fud na seánraithe ar fad: ó shobalchláir go spórt, ó ghnéchláir go drámaíocht chomhaimsire. Tá sé mar sprioc againn freastal ar na riachtanais seo – agus a lán eile a dhéanamh. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ról tábhachtach buan againn i saol na hÉireann – feidhmiú ar mhaithe leis an sochaí.

An tírdhreach ag athrú

De réir mar a thagann an ré dhigiteach sa chraoltóireacht Éireannach, tá RTÉ tiomanta d'fhorbairt agus d'athrú mar is gá chun feabhas seirbhíse do mhuintir na hÉireann a chothabháil. Caithfidh RTÉ uasmhéadú ar mhodhanna nua chun nascadh lena lucht féachana/éisteachta – agus san am chéanna, gan iarmhairt na deighilte dhigití a dhianú. Ní bheidh rochtain nó úsáid uilíoch ar na tonnta úra de theicneolaíochtaí: is féidir go mbeidh grúpa suntasach daoine atá ar an ngannchuid dhigiteach agus tá sé fíorthábhachtach go gcinnteoimid nach mbeadh an craolachán ina ábhar deighilte seachas aontais. Saothróidh RTÉ chun a chinntiú go gcuirfear gach duine ar an eolas faoin réaltacht nua, faoi bhuntáistí an chraolacháin dhigitigh, agus go gcabhrófar leo chun an deighilt dhigiteach a shárú.

Ciallaíonn sé seo go mbeidh athruithe i ndán do na lucht féachana/éisteachta agus fiú do RTÉ féin. Beidh sé seo sár-dhúshlánach ach freagróidh RTÉ – d'fhreagair sé go maith do dhúshláin agus thóg athruithe móra air féin le gairid agus é ag aistriú ó bheith ina craoltóir monaplachta, nach mór, go príomhpháirtí i margadh craoltóireachta ar cuireadh síos air mar an margadh is mó iomaíthí san Eoraip. Tá feasacht chriticiúil ag RTÉ nach féidir leis a bheith bogásach agus go gcaithfidh sé athrú go leanúnach, fiú go claochlú, chun freastal ar riachtanais a lucht féachana/éisteachta, riachtanais atá ag athrú.

Ag feidhmiú ar son leasa an phobail

D'ainneoin an timpeallacht atá ag athrú tá rud amháin nach n-athróidh; na hard-ionchais atá ag lucht féachana/éisteachta Éireannacha de RTÉ – agus go háirithe na sár-chaighdeáin eagarthóireachta. Is ceart dóibh na hionchais seo a bheith acu agus bíonn RTÉ i gcónaí ag iarraidh iad a bhaint amach. Leagann RTÉ amach trialacha leasa pobail do féin arna áirítear:

- Cothrom
- Cruinneas
- Neamhchlaontacht
- Oibiachtiúlacht
- Neamhspleáchas ó leasanna dílsithe agus saoirse ó smacht nó tionchar polaitiúil
- Sceidil ardchaighdeáin ar fáil do chách (i.e., ar fáil go huilíoch agus saorchraolta)
- Céatadán an-ard de chláir de bhunadh Éireannach
- Sceidil a chuimsíonn cláir do ghrúpaí agus ábhair spéise mionlaigh
- Sceidil a bhfuil meas acu ar thuairimí an lucht féachana/éisteachta agus a gcuireann lena n-ionchais chultúrtha
- Cláir a aithníonn ábhar spéise réigiúnach agus éagsúlacht chultúrtha
- Cláir a spreagann tuiscint agus caoinfhulaingt
- Cláir atá samhlaíoch úrnua.

Is mian linn go gcomhlíonfaidh ár seirbhísí uile na trialacha seo agus go mbeidh a fhios ag ár lucht féachana/éisteachta uile gur féidir leo a bheith muiníneach as ionracas ár gcláir.

An mór-chomhthéacs

Léiríonn an Fhreagracht Chorparáideach bunluachanna na sochaí inar mian linn maireachtáil. Is é an cás chéanna é ag gach uile sochaí agus ag gach uile comhlacht laistigh de shochaithe. Tá an Coimisiún Eorpach in éineacht le baill den bpobal gnó ag leagan bunúis do Chomhaontas Eorpach oscailte um Fhreagracht Chorparáideach faoi láthair.

Tá ionad uathúil ag RTÉ i sochaí na hÉireann ach tá go leor ceisteanna CR aige i bpáirt le comhlachtaí eile – agus go háirithe le heagraíochtaí meán. Déanann an chairt seo leanas forleathnú ar seo (le caoinchead KPMG LLP, forbartha le haghaidh Fóraim Meán ar CR a eagraíodh sa RA) – ag sainaithint ceisteanna le himpleachtaí soiléire do na meáin. Mar a luadh níos luaithe, is iad ár n-eochairpháirtithe leasmhara:

- Lucht Féachana / Éisteachta RTÉ, na pobail lena mbímid ag obair san áireamh
- Foireann RTÉ
- Idirghníomhaíochtaí Gnó
- Rialtas agus Rialálaithe
- An Comhshaol.

Is cinnte go síneann na páirtithe leasmhara agus na ceisteanna a sainaithníodh thar an réimse CR iomlán agus mar sin, cuireann siad seicliosta oibiachtúil úsáideach ar fáil do RTÉ.



Ag freastal ar riachtanais ár lucht féachana/ éisteachta. Aithníonn formhór Tuarascálacha um Fhreagracht Chorparáideach custaiméirí agus pobail mar dhá eochairpháirtí leasmhara. I gcás RTÉ comhcheanglaítear iad seo in aon ghrúpa amháin – ár lucht féachana/éisteachta atá i gcroílár gach a ndéanaimid, idir chláir ar theilifís nó raidió, ceolchoirmeacha ag na Grúpaí Oirfide, foilsitheoireacht tríd an RTÉ Guide, Aertel nó Ar Líne. Caithfidh RTÉ gníomhú le freagracht, éisteacht le agus freagairt dár lucht féachana /éisteachta agus na pobail ina maireann siad. Is as na pobail ar fad a chuimsíonn sochaí na hÉireann atá ár bhfreagracht – iad siúd nach bhfuil tarraingteach ó thaobh tráchtála de san áireamh.

Sonraíonn An tAcht Craolacháin 2001 go bhfuil ar RTÉ:

> *"…raon cuimsitheach clár i nGaeilge agus i mBéarla a sholáthar, a léiríonn éagsúlacht chultúrtha oileáin uile na hÉireann agus a chuimsiú ar raidió agus ar theilifís araon . . . cláir a chuireann siamsaíocht ar fáil, a chuireann ar an eolas agus a oileann, a sholáthraíonn tuairisciú ar imeachtaí lúthchleas, gníomhaíochtaí reiligiúnacha agus a dhéanann freastal ar ionchais an phobail i gcoitinne chomh maith le daoine le hábhair suime speisialta nó mhionlaigh, agus a léiríonn meas, i ngach cás, ar dhínit an duine."*
> Alt 28(2) (a)

Comhlíonann RTÉ an dualgas seo ina aschur ar fud raidió agus teilifíse. Léiríonn cláir RTÉ ábhair shuime agus riachtanais Éireann comhaimseartha. Soláthraíonn RTÉ ollthromlach na gclár teilifíse a dhéantar in Éirinn a léiríonn eispéiris maireachtála sa tír seo sa lá inniu.

Sa tuarascáil CR tosaigh seo, dírímid ar mar a dhéanaimid freastal ar riachtanais ár lucht féachana/éisteachta faoi na ceannteidil a leanann:

- Tuiscint ar agus éisteacht lenár lucht féachana/éisteachta
- Aiseolas ónár lucht féachana/éisteachta
- Comhairle an Lucht Féachana/Éisteachta
- Ag cosaint leanaí
- Ag cur in iúl don saoránacht
- Ag léiriú ár sochaí atá ag athrú
- Ag forbairt talainne
- Ag obair le pobail.

Ní liosta cuimsitheach é seo; tugann sé tásc ar an ilchineál idirbheartaíochta atá i gceist lenár lucht féachana/éisteachta agus is liosta é a leasófar, agus a chuirfear leis, de réir mar a fhorbraíonn ár dtuairisciú CR sna blianta amach romhainn. Cuirimid cás-staidéar i láthair freisin ar conas mar a oibríomar le hearnáil amháin dár Lucht Féachana/Éisteachta a bhfuil ionchais agus riachtanais ar leith acu uainn – iad siúd atá faoi allaíre agus a bhfuil rochtain ar fhotheidealú i gcomhair clár uathu.

Tuiscint ar agus éisteacht lenár lucht féachana/éisteachta

Mar an PSB náisiúnta, tá RTÉ páirteach sa saol poiblí ar fud na tíre. Faighimid páirtíocht uathúil agus tuairimí ó na daoine – spreagann a lán dár gcláir rannpháirtíocht ghníomhach ón lucht féachana/éisteachta.

Soláthar Clár

Is tríd ár gcláir is mó a bhíonn tionchar againn ar ár lucht féachana agus éisteachta. Féadann cláir cáilíocht na sochaithe ina hiomlán a shaibhriú agus dul i bhfeidhm ar shaolta daoine mar nach féidir le meán ar bith eile a dhéanamh. Tá de chumas ag an teilifís, an raidió agus ár láithreacht ar an idirlíon na ceisteanna agus na hargointí a bhaineann le hiompraíocht fhreagrach a chur in iúl do na milliúin daoine agus daoine a spreagadh chun beart a dhéanamh, chomh maith le gníomhaíocht mhí-eiticiúil a nochtadh. Chomh maith leis sin, cuirimid ar chumas daoine a bheith rannpháirteach, ag foghlaim agus teacht chun a bheith ina mbaill ghníomhaigh dár sochaí dhaonlathach.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, caithfidh RTÉ cláir a dhéanamh le haghaidh mionlach chomh maith le tromlach. Caithfimid speictram iomlán na dtuairimí agus na luachanna, na ndearcadh agus na gcultúr atá cuimsithe i mbreacachán an tsaoil mar atá in Éirinn sa lá inniu. Tá freagracht ar leith ar lucht déanta clár agus soláthraithe ábhar RTÉ chun ábhair suime agus luachanna mhuintir uile na hÉireann a léiriú go cothrom flaithiúil.

Is cuid ar leith dár lucht éisteachta / féachana iad na leanaí agus déantar soláthrú dóibh le cláir ar leith mar *The Den* agus le seirbhísí ar nós *Music in the Classroom*. Forbairt nua is ea an r-iris ó sheó maidine RTÉ lyric fm, atá iata ag Aguisín 3.

Gearóid Grant ag an gceolchoirm Music in the Classroom, urraithe ag RTÉ/*The Irish Times*, le leanaí bunscoile ina lucht éisteachta

Tá dualgas reachtúil ar RTÉ craoladh as Gaeilge, faoi Acht na dTeangacha, Reachtaíocht Craolacháin atá ann cheana féin agus an *Chairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí*. Táimid tiomanta de bharr ár bprionsabail chun táirgeadh ábhair ardchaighdeáin i mBéarla agus i nGaeilge araon a chinntiú. Tá oibrithe scoite ag RTÉ cheana féin a fheidhmíonn beagnach ar fad trí mheán na Gaeilge (RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4, Nuacht RTÉ agus Nuacht TG4) agus táimid tiomanta do thacú go gníomhach le húsáid na Gaeilge sa ghnáthshaol trí léiriúchán clár oiriúnach.

Gan amhras, tá dualgas orainn cláir a dhéanamh gur féidir le daoine muinín a bheith acu astu agus atá den chaighdeán is airde, neamhchlaonta, cothrom agus cruinn. Chun seo a choinneáil, tá luachanna eagarthóireachta, treoirlínte léiritheora agus polasaithe eile in ionad againn. Ach ní dhéanaimid i gcónaí mar ba cheart. As síoriarracht feabhsaithe ar an idirphlé leis an lucht féachana/éisteachta a fhoghlaimímid. Cuireann sé ar ár gcumas leis ár ndualgais seirbhíse poiblí a chomhlíonadh níos fearr, níos mealltaí agus níos éifeachtaí.

Páirtíocht an Lucht Féachana/ Éisteachta

Tá a fhios againn nach i gcónaí a bhainimid amach riachtanais ár lucht féachana/éisteachta. Ach bímid i gcónaí ag iarraidh éisteacht leo agus freagairt mar is cuí. Tá Nós Imeachta RTÉ i leith Gearán dea-shainithe againn (fch. Aguisín 1) ar féidir le baill an lucht féachana/ éisteachta dul ina mhuinín go héasca. Má tá ball den lucht féachana/éisteachta míshásta lenár bhfreagairt, nó má dhiúltaíonn sé/sí feidhm a bhaint as ár nós imeachta, tá sé de cheart aige/aici gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC) nach bhfuilimid ag baint amach ár riachtanais reachtúla i leith neamhchlaontachta, oibiachtúlachta, caighdeáin bhreithiúnais agus cuibhis, príobháideacht, cloí le codanna fógraíochta, etc.

Ceadaíonn an BCC do RTÉ aighneacht a chur isteach mar fhreagairt ar ghearáin. Glacann an gearánaí le haighneacht RTÉ i dtuairim is leath de na gearáin agus déantar breithiúnas go bhfuil an gearán tarraingthe siar. Sa chás, áfach, nach bhfuil an gearánaí sásta le freagairt RTÉ, breathnaíonn an Coimisiún ar an gclár ciontach agus déanann breithiúnas. Tá méid na ngearán ar sheas an BCC leo gairdeach íseal i gcónaí:

Sa bhliain 2003 sheol an BCC ar aghaidh go RTÉ 88 ngearán a bhain le cláir agus 13 chinn i leith fógraí – níor seasadh ach le gearán amháin i leith cláir.

Sa bhliain 2004 sheol an BCC 135 ghearán ar aghaidh go RTÉ i leith clár agus 30 i leith fógraí – seasadh le trí ghearán faoi chláir (dhá cheann acu ag tagairt don gclár chéanna).

Sa bhliain 2005 sheol an BCC ar aghaidh go RTÉ 145 ghearán i leith clár agus 37 i leith fógraí – seasadh le 12 ghearán faoi chláir (8 ag tagairt don gclár chéanna). Ar an dea-uair tá formhór ár ngníomhaíochtaí lenár lucht féachana/éisteachta dearfach agus saothraímid go dícheallach chun a chinntiú go bhfuil an oiread agus is féidir eolais againn ar conas mar a fhreagraíonn siad dár dtáirgeadh ionas gur féidir linn féachaint le cur lenár dtuiscint dá gcuid riachtanais. Ceann de na príomhshlite chun an t-eolas seo a bhailiú is ea taighde. Bíonn dhá chineál taighde lucht féachana/éisteachta i gceist:

- Taighde Cáilíochtúil Cainníochtúil Comhthionscail – ag díriú ar fhaisnéis i leith figiúirí lucht féachana/éisteachta teilifíse, raidió, agus foilsitheoireacht agus atá ina hábhar suime ag na heagraíochtaí meán ar fad agus dóibh siúd ar suim leo an fhógraíocht; comhchoimisiúnaíonn na grúpaí sainleasa an taighde
- Saintaighde coimisiúnaithe ag RTÉ.

Taighde Cáilíochtúil Cainníochtúil Comhthionscail

(a) Taighde teilifíse

Tá RTÉ ag treorú taighde ar bhreathnú teilifíse in Éirinn le breis is 40 bliain agus ag cinntiú, le blianta beaga anuas, go bhfreagróidh an córas atá i bhfeidhm um Thomhas Lucht Féachana Teilifíse (ar a dtugtar TAMs) go deimhneach don timpeallacht rialála agus teicneolaíochta atá ag athrú go tapa. Cinntíonn sé seo go mbeidh ar chumas craoltóirí agus páirtithe leasmhara eile, mar fhógróirí, idir Éireannach agus eile, feidhmíocht clár a mheasúnú le húsáid mionsonraí féachana lucht féachana atá iontaofa ó thaobh staitistice de.

Soláthraíonn an tseirbhís TAM, le húsáid teicneolaíochta méadraithe uathscothaigh leictreonaigh, sonraí scór féachana clár thar oíche, in aghaidh an nóiméid, ar fud a lán grúpáil dhéimeagrafach ar chainéil páirtíoch Éireannach agus neamh-Éireannach chomh maith le scóir féachana cheathrú uaire ar 17 gcainéal ar a iomlán, agus sonraí staitistiúla tréimhsiúla ar os cionn 200 chainéal breise.

(b) Taighde raidió

Le breis is 50 bliain, tá ceannródaíocht déanta ag RTÉ i mbun taighde ar éisteacht raidió in Éirinn agus tá sé tar éis a bheith lárnach in eagrú coistí comhthionscail le cinntiú go bhfaighidh idir fógróirí agus na stáisiúin raidió uile sonraí cruinn iontaofa le haghaidh leagan amach na gclár agus úsáid díolachána ama craolta.

Cuireann Michael Lyster *The Sunday Game* i láthair, ceann de na cláir spóirt is mó éileamh ar theilifís RTÉ

Cuireadh tús leis an suirbhé taighde comhthionscail reatha, an Comhshuirbhé Taighde ar an Lucht Éisteachta Náisiúnta (JNLR), i 1990 go gairid tar eis do stáisiúin raidió neamhspleácha tráchtála tosú ar chraolachán.

Ó 1953 i leith, is í an mhódheolaíocht taighde atá in úsáid um thaighde raidió ná an córas agallaimh duine le duine le húsáid *chuimhne cúnta lá arna mhárach*. Is ar thréimhsí sé mhí a bhíodh na suirbhéanna JNLR ar fáil, ach ó Lúnasa 2005 tá siad ar fáil ar bhonn ráithiúil.

(c) Breithiúnas clár

Le himeacht ama, tá na huirlisí éirithe níos sofaisticiúla chun tomhas a dhéanamh ar mhéad agus déanamh an lucht féachana agus éisteachta do chláir theilifíse agus raidió in Éirinn, ach tá srianta ionsuite ag gabháil le tomhais chainníochtúla.

Tá tomhais cháilíochtúla tar éis a bheith comhshnaidmthe mar chuid den gcóras TAM chun áis bhreithiúnais cláir a sholáthar do lucht féachana, ina n-iarrtar orthu clárú a dhéanamh ar a léirthuiscint nó easpa léirthuisceana don gclár atá díreach feicthe acu. Níl úsáideoirí ag baint feidhm rómhór as an áis go dtí seo áfach.

Níl aon sás comhthionscail ann le leibhéil léirthuisceana an luchta éisteachta do chláir raidió a mheas.

(d) Taighde ar Fhoilseacháin

Cuireadh tús leis an Comhshuirbhé ar an Lucht Éisteachta Náisiúnta (JNRS) le seoladh na tréimhse Iúl 2002 go Meitheamh 2003. Foilsítear anois dhá uair sa bhliain é agus cuireann sé meastacháin iontaofa ar lucht léitheoireachta nuachtán agus irisí in Éirinn ar fáil chomh maith le faisnéis ar Ghrúpaí Sainleasa i leith aosaigh ar fad. Is é Lansdowne Market Research a stiúrann an suirbhé thar cheann an tionscail.

Taighde ar leith coimisiúnaithe ag RTÉ

Coimisiúnaíonn RTÉ a cuid taighde cáilíochtúil cainníochtúil féin ó ghníomhaireachtaí taighde margaidh neamhspleácha measúla chun faisnéis a fháil ar ábhair éagsúla mar:

- Ceisteanna ábhair cúraim Chorparáidigh
- Freagairt an lucht féachana/éisteachta ar sheirbhísí/tháirgí sainiúla RTÉ
- Forbairt léargas ar ár lucht féachana/éisteachta trí anailís a dhéanamh ar phatrúin dheimeagrafacha agus stíle maireachtála atá ag athrú.

(a) Ceisteanna ábhair cúraim Chorparáidigh
Éilíonn na trialacha leasa pobail um ardchaighdeáin eagarthóireachta a chuireann RTÉ uirthi féin go ndéanfaí measúnú tréimhsiúil orthu trí cheistneoirí suirbhé. Cuireann sé sin ar an eolas sinn ar thuairim an phobail ar RTÉ i gcoitinne agus ar a sholáthraíonn RTÉ. Ó na hochtóidí déanacha, ar mhinicíocht thrí bliana, tá ceann de phríomhghníomhaireachtaí taighde margaidh Éireann á gcoimisiúnú ag RTÉ chun Clú Corparáideach RTÉ a mheasúnú.

Tá RTÉ gafa i gceann taighde le déanaí ar an mbranda corparáideach agus ar conas mar a mhargaímid ár dtáirgeadh. Cuireann na torthaí seo leis an slí a gcuirimid ár n-aschur i láthair ionas gur féidir linn freastal mar is fearr ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta.

(b) Freagairt an luchta féachana/ éisteachta ar sheirbhísí/tháirgí sainiúla RTÉ
Go minic, is gá de dheasca toirte agus ilchineálachta sheirbhísí/ aschuir RTÉ go gcoimisiúnófaí taighde straitéiseach. Bíonn difríocht idir na riachtanais agus na modhanna ó thionscadal go tionscadal ach is é cuspóir an taighde coimisiúnaithe uile tuiscint chuimsitheach ar ionchais agus freagairt an luchta éisteachta a fháil ar bhonn leanúnach.

(c) Léargas ar ár lucht féachana/ éisteachta
Tugann tionscadail taighde mar Shuirbhéanna ar Bhuiséad Ama suas chun dáta sinn ar phatrúin stíle maireachtála atá ag athrú i measc ár lucht féachana/éisteachta. Soláthraíonn faisnéis ó fhorais mar an POS (CSO) agus an ESRI eolas an-úsáideach freisin ar ár sochaí atá ag athrú.

Aiseolas ónár lucht féachana/ éisteachta

Tá de cheart ag gach íocóir na Táille Ceadúnais tuairim a thabhairt ar ghné ar bith de sheirbhísí RTÉ agus is mian linn go mbeadh fáil éasca orainn agus go mbeimis lán-sofhreagrach do gach tuairim – agus go háirithe do léirmheastóireacht fhreagrach.

Tá seoladh ríomhphoist ag formhór clár RTÉ anois chun teagmháil dhíreach ó lucht éisteachta/ féachana a éascú. Ach eagraíonn RTÉ Seirbhís Eolais tiomanta, trí línte teileafóin agus ríomhphost araon, chun tuairimí ó dhaoine a ghlacadh agus a láimhseáil. Sa bhliain 2005, thug an tseirbhís seo amháin freagairt ar 37,575 ghlaonna teileafóin agus suas le 9,000 teachtaireacht ríomhphoist; bhí na mílte ceist eile ann ar thug línte clár aonánaca etc. fúthu.

Tá an-éagsúlacht ag baint leis na glaonna agus na teachtaireachtaí ríomhphoist. Is féidir na teagmhálacha a bhreacrangú mar atá thíos:

- **Ceisteanna díreacha** – ag lorg eolais faoi aschur. Cuimsíonn an chatagóir seo baill den lucht féachana/éisteachta ag lorg eolais breise faoi ábhar a tuairiscíodh i gclár, ag fiafraí an ndéanfar athléiriú ar chlár, ag fiafraí faoi sceidil chraolta etc.
- **Gearáin** – aithreathach ó chláir gan a bheith á gcraoladh ag am an sceidil, go hábhar ar dóigh leis an nglaoiteoir é a bheith mí-oiriúnach don am craolta, go láithreoir a bheith ag mífhuaimniú logainmneacha, go míghnaoi le gléasadh an láithreora
- **Moladh** – glaonn glaoiteoirí go minic chun aiseolas dearfach a chur in iúl do láithreoirí aonair nó faoi chláir nó sraitheanna ar leith
- **Ceisteanna teicniúla** - fabht sa ghlacadh, glaoiteoirí ag lorg comhairle ar rochtain fotheidil
- **Ilchineálach** – bíonn daoine ag brath ar RTÉ le heolas ar gach sórt gníomhaíochta – cá bhfaighidh siad an bréagán dofhaighte seachtain roimh Nollaig, ticéid do cheolchoirm U2 nó do chraobh pheile na hÉireann!

Nótáiltear gach teagmháil agus scaiptear ar chruinnithe eagarthóireachta tuarascáil sheachtainiúil bunaithe ar na tuairimí ábhartha uile chun eolas a thabhairt le haghaidh athbhreithnithe aschuir na seachtaine.

I gcás clár ar féidir gur ábhar ciaptha iad (mar shampla, dráma an *Stardust* nó snáitheanna scéil le déanaí ar *Fair City*) tugtar eolas ar línte cabhair agus láithreán Gréasáin ábhartha agus feidhmíonn an Oifig Eolais uaireanta breisithe go minic.

Comhairle an Lucht Féachana/ Éisteachta

Dúirt RTÉ, ina hiarratas ar mhéadú sa Táille Cheadúnais i Samhain 2002:

"Is féidir go mbeadh an chumarsáid idir an lucht féachana/éisteachta agus an craoltóir an-mhíchothrom ach is den gcéad tábhacht é go mbeadh dea-chumarsáid eatarthu beirt le haghaidh forbartha leanúnaigh seirbhíse atá fíorábhartha. Tá RTÉ tiomanta don a bheith oscailte lena lucht féachana/éisteachta, ag fáiltiú roimh gach uile teagmháil leo, ag éisteacht lena dtuairimí agus ag freagairt go pras agus go cuí. Ar mhaithe le héascú cumarsáide, agus le breisiú freagrachta, tá beartaithe ag RTÉ Comhairle Lucht Féachana/Éisteachta a bhunú."

Bhunaigh an eagraíocht Comhairle an Lucht Féachana/Éisteachta ina dhiaidh sin agus feidhmíonn sí mar ghrúpa comhairleach d'Údarás RTÉ. Tá 22 chomhalta ar an gcomhairle – 11 ionadaíoch d'eagraíochtaí ar sainábhar spéise acu ceann nó níos mó de phríomhshruthanna leagan amach clár, 10 gcomhalta aonair agus comhalta de bhrí oifige amháin – Cathaoirleach Fhochoiste na gClár de chuid an Údaráis. Toghann an Chomhairle Cathaoirleach in aghaidh na bliana as measc a gcuid comhalta agus cuireann RTÉ rúnaí sannta ar fáil.

Fuair RTÉ mórchuid aiseolais dhearfaigh ón lucht féachana nuair a craoladh dráma an *Stardust* níos luaithe i mbliana

Is do leas an luchta éisteachta atá na trialacha leasa pobail atá aitheanta ag RTÉ di féin, agus tá sé iniarrtha don lucht féachana/éisteachta aiseolas agus tuairimí a thabhairt orthu; éascaíonn an Chomhairle Lucht Féachana/Éisteachta an chumarsáid seo

Ceithre bliana ó Eanáir 2004 a mhairfidh tréimhse oifige na comhairle, agus bíonn na comhaltaí rannpháirteach ar bhonn deonach; ní íochtar leo ach speansais dhearbhaithe amháin.

Cumhdach leanaí

Creideann RTÉ go bhfuil freagracht ar leith aige ar an aer, ar líne agus trí bhainteacht dhíreach ár bhfoireann, i leith leanaí – ar féidir go mbeidís ar leith leochaileach maidir le tionchar ó mheáin.

Creideann RTÉ go bhfuil riachtanas le caidreamh muiníne idir na daoine agus na craoltóirí seirbhíse poiblí. Tá cuid thábhachtach den mhuinín sin bunaithe ar chláir leanaí ar cheart go soláthróidís timpeallacht atá sábháilte ach spreagthach do leanaí, agus a sholáthróidh siamsaíocht, dúshláin agus spreagadh chun rannpháirtíochta dóibh. Déanann RTÉ sceidealú cúramach ar chláir agus cuireann ar fáil go leor eolais láithreoireachta faoi chláir atá le teacht, agus mar sin, déanann sé iarracht a chinntiú go mbeidh tuismitheoirí muiníneach go mbeidh a leanaí ag breathnú ar chláir oiriúnacha. Maidir lena léiriúcháin baile, saothraíonn RTÉ chun a chinntiú go mbeidh teacht ag leanaí agus aos óg Éireannacha ar chláir a léiríonn a n-ábhair spéise cultúrtha agus an saol a bhíonn acu in Éirinn sa lá inniu. Cuireann RTÉ News sainseirbhís dírithe nuachta ar fáil ionas go mbeidh leanaí in ann Éire agus an saol níos leithne a thuiscint.

Comhlíonann Teilifís RTÉ tairseach 9.00pm – le súil le cinntiú go mbeidh gach clár a chraolfar roimh an am sin oiriúnach do lucht féachana i gcoitinne, leanaí san áireamh.

Leag an *tAcht Craolacháin 2001* gmar fhreagracht ar Choimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) Cóid nua a dhréachtú a rialaíonn gach craoltóir sa dlínse. Ar mhaithe leis na freagrachtaí seo sheol an BCI *Cód i leith Fógraíochta do Leanaí* in Eanáir 2005 agus tá dréachtú *Cód Ginearálta i leith Fógraíochta* idir lámha anois acu. Bainfidh forálacha na gcód seo ina n-iomlán le seirbhísí RTÉ.

Tá a cuid féin coimirce fairsinge in ionad ag RTÉ le haghaidh leanaí, mar bhaill den lucht féachana/éisteachta agus mar rannpháirtithe i gcláir araon.

(a) Mar bhaill den lucht féachana/éisteachta:

Cuireann RTÉ go leor uair an chloig de leagan amach clár leanaí ar fáil in aghaidh an lae ar RTÉ Two. Déantar roghnú agus monatóireacht chúramach ar an aschur seo le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach d'aoisghrúpaí na leanaí a bhíonn ag amharc. Cinntíonn RTÉ go bhfuil na cláir ar fad le linn uaireanta an tráthnóna roimh an tairseach oiriúnach do theaghlaigh. Sa tréimhse tar éis an tairsigh cuirtear leagan amach clár san áireamh de réir a chéile a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí do lucht éisteachta fásta. Chun cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí, cuireann RTÉ comhartha ar scáileán ag tús gach cláir, a chuireann in iúl oiriúnacht an chláir atá ag teacht aníos dár lucht féachana níos óige

(b) Mar rannpháirtithe i gcláir

Tugann RTÉ oiliúint agus treoir do gach déantóir cláir le cinntiú go mbeidh an timpeallacht oibre ina hionad sábháilte um leanaí atá páirteach i gcláir. Tugtar faoi na riachtanais reachtacha ar fad; tá mionsonraithe faoi na huaireanta oibre atá ceadaithe, tréimhsí sosa, socraithe coimheachta agus iompair. Tugtar faoi cheist cheada tuismitheora le haghaidh leanaí atá rannpháirteach i gcláir chomh maith.

Miriam O'Callaghan agus Mark Little, láithreoirí cláir cúrsaí reatha *Prime Time* de chuid RTÉ, a bhfuil neart duaiseanna bainte aige

Ag oiliúint na saoránachta

Úsáidtear an focal saoránacht anseo sa chiall is leithne, i.e., ball de shochaí na hÉireann.

Is léir ó shuirbhéanna leantacha, sa bhaile agus idirnáisiúnta, gur ón gcraolachán a fhaigheann daoine formhór a gcuid eolais faoin saol poiblí. Soláthraíonn RTÉ in Éirinn seirbhís chuimsitheach nuachta agus chúrsaí reatha ar fud raidió, teilifíse agus an Idirlín. Ó *Morning Ireland* ar 7.00am tríd an lá ar fad go nuacht dhéanach na hoíche coimeádann RTÉ muintir na hÉireann ar an eolas faoin saol poiblí. Tá láithreán Gréasáin RTÉ ina fhoinse eolais suas chun dáta cruinn ar Éirinn, as a mbaineann iliomad proifisiúnach sa bhaile agus i gcéin fiúntas - iriseoirí, airgeadaithe agus taidhleoirí san áireamh.

Le linn tréimhsí toghchán agus reifreann soláthraíonn RTÉ tuairisciú fairsing ar an stocaireacht, an toghchánaíocht, an ceapadh polasaí, an comhaireamh vótaí agus na torthaí. Tá an tuairisciú toghcháin cuimsitheach a sholáthraigh RTÉ le blianta fada tar éis cur go mór le tuiscint na dtoghthóirí ar chóras toghchánach Ionadaíochta Cionmhara na hÉireann.

Tá aschur Nuachta agus Chúrsaí Reatha RTÉ faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh fairsing, trí chruinnithe eagarthóireachta ag leibhéal Rannóige agus Corparáide araon, le cinntiú go mbeidh tuiscint oibiachtúil, neamhchlaonta ar an bhfearann poiblí ar fáil do mhuintir uile na hÉireann.

I dtuarascálacha amach anseo, d'fhéadfadh go mbreathnódh RTÉ ar cheisteanna mar seo:

- Conas is fearr is féidir linn obair le heagraíochtaí deonacha? Ar cheart dúinn daoine a spreagadh go gníomhach le bheith ina saorálaithe?
- Conas mar is cóir dúinn dea-shaoránacht a chur chun cinn agus daoine a spreagadh le bheith níos rannpháirtí sa sochaí?
- Éifeacht na dteicneolaíocht nua (idirlíon, loganna Gréasáin) agus feiniméan an tsaoránaigh iriseora – e.g. úsáid fóin ceamara agus cuntais finné súl.

Ag léiriú ár sochaí atá ag athrú

Tá athrú mór tagtha ar Éirinn le blianta beaga anuas agus tá freagracht ar RTÉ cláir a sholáthar a léiríonn an tír agus a muintir.

Ina leagan amach clár i gcoitinne mar aon le leagan amach na sainchlár, ar nós Spectrum, atá dírithe ar dhaoine nuatagtha go hÉirinn, bíonn RTÉ de shíor comhfhiosach ag iarraidh bunús a sholáthar le híomhá d'Éirinn tuisceanach, fáilteach, ag léiriú cineáil na hÉireann sa lá inniu atá ag dul in éagsúlacht. Tá súil againn go gcabhróidh ár gcláir chun éagsúlacht a mhíniú agus go gcothóidh siad tuiscint idir na pobail as a fhorbraíonn ár tsochaí. Sampla amháin dár bpáirtíocht dhíreach is ea na Gradaim Ilchultúrtha agus Meán (MAMA) a chomheagraítear go bliantúil le RTÉ. Tá an eagraíocht tiomanta chomh maith do chur le tuiscint Éireannach ar chúrsaí an domhain, i nuacht agus cúrsaí reatha príomhshrutha agus i gcláir speisialtóra mar an clár fadsaolach *Worlds Apart* chomh maith. I rith na bliana seo caite ghlac Nuacht agus Cúrsaí Reatha fócas ar an Afraic agus bhí dhá shraith Theilifíse RTÉ faoi cheisteanna Forbartha.

Rannpháirtithe i Active Age Talent Showcase, clár de chuid Raidió RTÉ, le Fear an Tí, Gay Byrne

Ag forbairt talainne

Ceapann daoine láithreach gur talann ar-aer a bhíonn i gceist nuair a labhraítear faoi thalann, agus an gá lena fhorbairt. Gan amhras, tá sé seo intuigthe mar bíonn súil agus éileamh ag daoine ar an leibhéal is airde talainne i láithreoireacht, aisteoireacht, cur faoi agallamh etc. Ach caithfidh RTÉ fócas a bheith acu ar aimsiú agus cothú talainne nua le haghaidh gach gné de ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Tá freagracht leanúnach agus fócas ar leith ag Bainisteoirí ar athbhreithniú ar riachtanais talainne agus pleanáil comharbais – agus an cuspóir breise acu a chinntiú go mbeidh ionadaíocht láidir fear agus ban araon ag gach leibhéal.

Tá RTÉ tiomanta do shaol chultúrtha na hÉireann a shaibhriú trí léirithe den scoth sa cheol, sa drámaíocht agus sa choiméide nach bhfaightear i meáin Éireannacha eile a thabhairt ar fud na meáin ar fad. Is mian linn, trína dhéanamh, cruthaitheacht mhuintir na hÉireann a cheiliúradh agus a bheith sa tosach in aimsiú, i bhforbairt, i gcoimisiúnú agus i bhfogairt talainne nua. Mar shampla, óna thús, tá teist go dtí seo ar RTÉ 2fm tacú le bannaí nua Éireannacha, ag tabhairt am craolta do théipeanna samplacha agus fáil ar am stiúideo do ghrúpaí óga. Chomh maith leis sin, ar feadh breis is fiche bliain, tá comórtas bliantúil á eagrú ag an stáisiún chun cumadóirí óga amhrán as Éirinn a aimsiú agus a chúiteamh. Eagraíonn RTÉ Raidió 1 dhá shampla eile de thiomantas fada RTÉ le talann a fhorbairt chomh maith le aschur Raidió á bhreisiú.

- Bunaíodh Gradam Drámaíochta Raidió P. J. O'Connor chun ómós a thabhairt do P. J. O'Connor, nach maireann, iar-Cheannasaí Drámaíochta RTÉ Radio 1, a bhí suntasach as an spreagadh a thug sé do thalann nua. Is é is cuspóir leis an gcomórtas ná scríbhneoirí nua a spreagadh chun drámaíochta raidió agus cur leis an bhfeasacht ar fhéidearthachtaí agus scóip an raidió mar mheán i réimse na drámaíochta. Sa bhliain 2005, chuir barruimhir de 365 scríbhneoir ar fud na hÉireann agus thar lear drámaí isteach um bhreithniú. Faigheann an triúr buaiteoir duais airgid agus, níos tábhachtaí fós, léirítear na drámaí go gairmiúil
- Rinne Gradam Gearrscéal Francis MacManus ceiliúradh ar 20 bliain de chraoladh i 2005. Is comóradh an comórtas ar shaol agus saothar Francis MacManus (1909 – 1965), Scríbhneoir agus Ceannasaí Cainteanna agus Gnéchlár i Radio Éireann, ar dhuine mór le rá é chun spreagtha scríbhneoirí Éireannacha agus chun forbartha an raidió mar mheán cur in iúl smaointe agus cur ar aghaidh úrscríbhneoireachta. Tharraing comórtas 2005 749 n-iontráil ó thart timpeall Éireann agus ó Éireannaigh lonnaithe thar lear. Craolfar roghnú as na hiontrálacha gearrliostaithe i rith na míonna seo chugainn.

Ag saothrú le pobail

Tá cur síos déanta ar CR díreach mar *'gnó ag cúiteamh an tsochaí'* – ar an mbonn bunaigh gur ceart don eagraíocht cúraimí na ndaoine/a luchta éisteachta / féachana/a foirne a bheith ina ndíol suime aici. I gcás RTÉ, cuimsíonn sé seo a lán de ghnáthghníomhaíochtaí PSB, ina measc:

- **Tabhairt go freagrach faoi cheisteanna sóisialta** – cruthú feasachta agus cur dúshlán faoi éagóracha san áireamh (e.g. an clár san sraith *Prime Time Investigates* ar Leas Cross i Bealtaine 2005)
- **Freastal ar riachtanais réigiúnacha** – nuacht réigiúnach agus áitiúil, cuimsiú an chultúir, ardú na gceisteanna, tabhairt aitheantas – iad uile san áireamh
- **Nascadh pobal** – in aimsir cheiliúrtha (e.g. Cluichí Ceannais Craobh na hÉireann); ócáidí stáit (e.g. oirniú Uachtaráin); in aimsir ghéarchéime (e.g. Galar Crúibe is Béil).

Is é fírinne an scéil gur de phobail a chumtar ár lucht féachana/éisteachta – gan iad, ní bheadh ann dúinn. Bímid gafa go gníomhach le pobail, gan aird ar aois, inscne, creideamh, cine, láthair gheografach, claonadh gnéasach, aicme shóisialta etc. Táimid ann chun freastal ar a riachtanais chraolacháin. Ach déanaimid idirbheartaíocht le pobail i mórán slite seachas soláthar clár.

Is éard atá sa mhéid a leanas ná liosta táscach den saghas páirtíochta fócasaithe a thugann RTÉ faoi, dírithe ar phobail faoi leith – tá pobail bheaga ann; tá cinn eile chomh mór sin go bhfuil siad beagnach ar leibhéal náisiúnta; tá cuid acu an-aonghnéitheach sa déanamh, tá cinn eile atá an-ilghnéitheach, ach is cuid de lucht féachana/éisteachta RTÉ iad uile. Roghnaíodh na míreanna thíos chun blas dár ngníomhaíochtaí a thabhairt, seachas lánliosta a sholáthar.

Ceol na Gaillimhe agus Mhaigh Eo – Ag deireadh mí Dheireadh Fómhair 2005 chuir Ceolfhoireann Shiansach RTÉ (RTÉ NSO) tús le cónaitheacht sealadach i gContaetha Mhaigh Eo agus na Gaillimhe le haghaidh seachtain ceoil. Eagraíodh an clár cónaitheachta cúig lá i bpáirtíocht leis an Royal Theatre, Caisleán an Bharraigh agus Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Ionaid Oideachais na Gaillimhe agus Mhaigh Eo ag tacaíocht leis an snáth oideachasúil den gclár. Ba é seo an cheathrú cheann i sraith nua cónaitheachta de chuid RTÉ NSO tar éis cuairteanna níos tuisce ar Chiarraí, ar Dhún na nGall agus ar Chorcaigh le dhá phríomhaidhm – an NSO a thabhairt chuig na réigiúin agus í a chur in aithne do mhic léinn scoile.

Seachtain na Gaeilge – Shaothraigh RTÉ go dlúth le blianta beaga anuas le heagraitheoirí *Seachtain na Gaeilge* a eagraítear go bliantúil i mí an Mhárta agus a bhfuil mar aidhm aici úsáid na Gaeilge a chur chun cinn go náisiúnta. Soláthraímid réamh-phoiblíocht don Seachtain agus tugaimid spreagadh d'úsáid na Gaeilge laistigh de RTÉ i rith na tréimhse – agus fócas ar leith ar láithreoireacht agus ar chraoltóireacht.

Nuacht Pobail – Cuireann an tionscnamh *Nuacht Pobail* craolachán pobail os comhair lucht féachana ar leibhéal náisiúnta, ag spreagadh gníomhaíochta agus rannpháirtíochta pobail agus ag cruthú muintearais. I mí an Mhárta 2006, tugadh cuireadh do phobail agus/nó grúpaí sainleasmhara ar fud na tíre tograí a chur isteach ag leagan amach conas mar a chuirfidis feasachán Nuachta RTÉ le chéile le húsáid ábhair agus foinsí áitiúla. Roghnaíodh Gaeltacht Uíbh Ráthaigh i gContae Chiarraí agus oileadh daoine i scileanna iriseoireachta; le súil go ndéanfaí craoladh beo ar a gcuid tuairiscí nuachta ar Theilifís RTÉ i rith deireadh seachtaine Shaoire Bainc Mheithimh.

Ilchultúrthacht – dar le mórchuid daoine, is í Féile Chultúir an Domhain príomhócáid cultúrtha na hÉireann, le réimse ilghnéitheach de ghníomhaíochtaí do gach aoisghrúpa. Agus í á heagrú i nDún Laoghaire ar feadh deireadh seachtaine dheirigh Lúnasa gach bliain, cuimsíonn an Fhéile réimse leathan d'imeachtaí sráide, amharclann, ceol, bia agus aonaigh ceardaíochta. Tá RTÉ ina rannpháirtí meáin ag an bhFéile ó 2005 chun cabhrú le héascú cothaithe na hilchultúrachta in Éirinn.

Raidió na hIdirbhliana – Is tionscnamh RTÉ é TY Radio, do scoileanna dara leibhéil atá ag eagrú Tionscnaimh Idirbhliana, lena bhfaigheann mic léinn scoile teagasc agus cúnamh i gcur i láthair, i léiriú agus i dtaighde a dhéanamh ar chlár raidió uair a chloig dá gcuid féin le tarchur ar RTÉ 2fm. Tugtar Ceardlann Craoltóireachta Raidió do na scoileanna a ghlacann páirt, a chuimsíonn taithí phraiticiúil i scríbhneoireacht scripteanna, scileanna agallamh, teilgean gutha agus teicníocht thaifeadta, mionsonraí faoi cad atá i gceist le déanamh clár raidió, breathnú ar láithreachas neamhchlaonta, íogaireacht, dlíthe an leabhail, dlíthe an chóipchirt, agus ar shiamsaíocht luchta éisteachta ar fud na tíre le clár nó sceideal raidió a chur le chéile.

Ceolchoirmeacha Promanáideacha Farmleigh – cuireadh i láthair i bpáirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí ó 2001, agus ceapadh iad chun daoine as gach aoisghrúpa a spreagadh chun freastal ar choirmeacha ceoil i suíomh fíorálainn gan strus. Tá baint ag an RTÉ NSO, Ceolfhoireann Choirme RTÉ (RTÉ CO) agus aoicheoltóirí leis na Ceolchoirmeacha Promanáideacha agus eagraítear iad thar tréimhse sheachtaine. Is réamhléiriú séimh í do mhórán ar cheol foisteanach agus rinne eochairdháta de i bhféilire an tsamhraidh ag teaghlaigh agus grúpaí beaga ar fud na hÉireann. Sa bhliain 2005, chuir breis is 160,000 daoine isteach ar na 10,000 míle ticéad atá ar fáil saor in aisce.

Téann RTÉ i dteagmháil uaireanta le himeachtaí pobail toisc a mbuntábhacht i saol na hÉireann, e.g. *Fleadh Ceoil na hÉireann* agus *An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta*. Sna cásanna seo, téann RTÉ chuig an láthair agus suiteálann stiúideo ann ar feadh roinnt lá. Déantar craoladh beo ón ionad agus bíonn baint ag ábhar na gclár leis na gníomhaíochtaí. Bíonn pearsanra RTÉ, ar agus den aer araon, ar fáil chun bualadh le baill den bpobal agus a gceisteanna a fhreagairt. Bíonn deis ag baill den lucht éisteachta a fheiceáil díreach mar a fheidhmíonn craoladh beo, bualadh le daoine a bhfuil taithí acu a bheith ag éisteacht leo ar an raidió nó ag féachaint orthu ar an teilifís agus roinnt marsantachta RTÉ a bhailiú! Ar an drochuair, is minic a fhaighimid níos mó cuireadh freastal ar imeachtaí ná mar is féidir linn glacadh leo.

Páirtíocht leanúnach ar leith amháin is ea leis an bPobal Ealaíon. Mar an institiúid cultúrtha is mó in Éirinn tá RTÉ bródúil as an scéim *RTÉ ag Tacaíocht leis na hEalaíona* a eagrú – a thugann deis do ghrúpaí ar fud na hÉireann a ngníomhaíochtaí a bheith curtha chun cinn ar Raidió RTÉ agus nó Teilifís RTÉ. Tá sonraí na scéime ar http://www.rte.ie/about/supporting_arts.html

Urraíochtaí

Nuair a thiomnaíonn RTÉ le gníomhaíocht a urrú, déanaimid iarracht a chinntiú gur de chomhleas don imeacht agus d'aschur RTÉ a bheidh an t-idirchaidreamh, i.e. go bhfuil baint aige lenár gcroíghnó. I measc urraíochtaí le déanaí tá:

Ernest Bishop ag glachadh leis an ngradam thar ceann Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe a ghnóthaigh an catagóir um Institúid Ilchultúrhta. Tá Salome Mbugua (bronntóir an Ghradaim) ar chlé agus Shalini Sinha (Bean an Tí) ar dheis

Na Gradaim Ilchultúrtha agus Meán (Gradaim MAMA) – Is é Metro Éireann príomhnuachtán ilchultúrtha Éireann agus is é a eagraíonn na Gradaim MAMA freisin, a eagraítear anois i gcomhpháirtíocht le RTÉ. Aithníonn na Gradaim cionta tairbhe ar leith ón bpobal agus ó na meáin chun tuisceana na hilchultúrthachta in Éirinn.

Féile Drámaíochta Amaitéirigh Uile-Éireann RTÉ Festival –Is ábhar mórtais é traidisiún na hÉireann sa drámaíocht amaitéarach. Cé gur tháinig laghdú air le blianta beaga anuas, tá go leor pobal go fóill a bhfuil dian-tiomantas agus paisean acu don drámaíocht amaitearach. Tá RTÉ tar éis tús a chur le haontas urraíochta cúig bliana leis an *bhFéile Drámaíochta Amaitéirigh Uile-Éireann* - a chuimsíonn tacaíocht airgid, cur chun cinn ar aer agus craolta laethúla i rith tréimhse na Féile.

Cuimsíonn RTÉ na gníomhaíochtaí uile seo, agus tuilleadh, i gcomhar le sainphobail. D'fhéadfadh oll-leasanna a bheith ann don dá thaobh. Faigheann na pobail an deis saothrú le craoltóirí gairmiúla chun a scéal a insint ar aerthonnta na hÉireann; faigheann RTÉ agus a fhoireann an deis saothrú go dlúth leis an lucht féachana/éisteachta chun aschur cláir a chruthú a fhreastalaíonn ar a gcomhriachtanais.

RTÉ ONE
I knocked on the door

CÁS-STAIDÉAR
Craoltóireacht do Lucht Allaíre

Is earnáil ar leith í lucht allaíre agus a ngrúpaí ionadaíochta i measc sochaí na hÉireann, lena bhfuil dlúthchaidreamh oibre bunaithe ag RTÉ thar blianta fada – ag tosú sna lár-1980í nuair a rinneadh forbairt ar Aertel RTÉ (teilitéacs) agus ag bogadh ar aghaidh go infheistíocht RTÉ ina seirbhís fotheidealaithe. Sa bhliain 1991, d'forbraigh RTÉ seirbhís fotheidealaithe chun fotheidil a sholáthar do *Glenroe*, dráma barrfheabhais an stáisiúin ag an am. Ceithre bliana ina dhiaidh sin, agus fotheidil bheo in úsáid, rinne RTÉ fotheidealú ar *Late Late Show*.

Chuaigh ionchur an phobail allaíre chun tairfe do RTÉ ag gach céim forbartha agus is é an toradh a bhí air seo ná go ndéanann an tseirbhís freastal ar a gcuid anás agus a gcuid riachtanas. Agus tá na grúpaí úsáideoirí tagtha chun brath ar RTÉ Aertel chun nuacht, spóirt, agus go leor ábhar eile a rochtain. Ar mholtaí na ngrúpaí úsáideora, dhírigh RTÉ ar fhotheidil a chur ar fáil i rith ama buaic-féachana (18.00 go 23.30) a chuimseodh go háirithe nuacht, cúrsaí reatha agus na himeachtaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad. Rinneadh fotheidealú beo ar gach craoladh toghchána, gach craoladh cáinaisnéise, agus gach plé polaitíochta agus bhí faisnéis chúltacha ar RTÉ Aertel.

Cuireann RTÉ Aertel ar fáil chomh maith rannóg irise tiomnaithe le húsáid mar chlár fógraí pobail – á nuashonrú ag an pobal bodhair agus pobal an luchta allaíre as a n-oifigí féin.

Tá athrú suntasach tagtha ar an teicneolaíocht i gcaitheamh na mblianta agus i 2004 rinne RTÉ infheistíocht de €2m mhilliún i gcóras nua fotheidealaithe agus fuair na bogearraí is déanaí a bhí ar fáil le haghaidh a stáisiúin oibre fotheidealaithe. Tá buiséad bliantúil RTÉ um fhotheidealú anois os cionn €1m agus tá cúigear fotheidealóirí inmheánacha ag obair ar chláir bhaile.

I 1999 rinne RTÉ fotheidealú ar tuairim is 30% dá gcuid aschuir i rith buaic-uaireanta leagan amach clár (18.00 go 23.30) ar RTÉ One agus 7% ar RTÉ Two. Faoi lár 2005 bhí fotheidealú buaicuaire féachana éirithe go 90% ar RTÉ One agus 25% ar RTÉ Two.

Thosaigh Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) ag obair ar na Rialacha Rochtana in Aibreán 2003 agus, i bhFeabhra 2005, tar éis comhairliúcháin poiblí, chuireadar na spriocanna agus an fráma ama a leanas i láthair le haghaidh gach craoltóir. Tá na spriocanna seo le baint amach idir 07.00 agus 01.00.

CÁS-STAIDÉAR
Craoltóireacht do Lucht Allaíre

Tábla 1: Spriocanna fotheidil

Fotheidealú	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015
RTE One	55%	65%	75%	85%	93%	95%	97%	98%	99%	100%
RTE Two	24%	33%	42%	51%	60%	67%	73%	80%	85%	90%
TG4	24%	30%	36%	42%	50%	56%	62%	68%	74%	80%
TV3	12%	19%	26%	33%	40%	44%	48%	52%	56%	60%

Tá na tosaíochtaí a chuireann grúpaí úsáideoirí chun cinn i gcónaí ina dtosca cinntithe i ndearbhú aschur fotheidealaithe RTÉ. Is oth le RTÉ nár tugadh faoi cheisteanna áirithe, a tarraingíodh anuas i rith an chomhairliúcháin a thóg an BCI air féin, agus de thoradh air sin, go mb'fhéidir nach mbainfear spriocanna amach. Is iad na heochaircheisteanna ina measc siúd:

- Tá an fráma ama ró-ghearr ins an tréimhse cúig bliana tosaigh agus ní cheadaíonn sé raon um athrú sa teicneolaíocht. Tá monatóireacht leanúnach déanta ag RTÉ i bhforbairtí teicneolaíochta nua ar nós aithint gutha agus leathanbhanda. Creideann RTÉ go mbeadh sé míthíosach baoth infheistíocht a dhéanamh in a leithéid de theicneolaíocht go dtí go mbeidh ar eol faoina oiriúnacht

- Dealraíonn sé go bhfuil 100% ina sprioc shaorga dodhéanta. Tá cásanna ann nuair nach bhfuil sé ciallmhar fotheidealú a dhéanamh ar gach clár - e.g. cláir a rinneadh d'aon ghnó le haghaidh neamh-léitheoirí (réamh-scoile), agus roinnt spórt mear-luais – nuair atá an scéal sa bhfíseach. Ní rachadh sé chun tairfe an luchta féachana fotheidealú a dhéanamh ar na cláir seo, chaolódh sé acmhainní agus mhéadódh sé ar chostais

- Cúrsaí sceidil – cosnaíonn sé an méid chéanna airgid fotheidil a chur le clár a chraoltar ag amanna seachbhuaice agus a chosnaíonn sé fotheidil a chur le clár a chraoltar ag buaic-amanna féachana. Ta buaic-fhéachaint an luchta féachana allaíre mar an gcéanna le amanna féachana an luchta féachana i gcoitinne agus is iad Nuacht agus Cúrsaí Reatha a dtosaíochtaí, cláir a chraoltar i rith buaicama.

- Scileanna – aithnítear go bhfuil easpa fotheidealóirí cáilithe ann, agus go bhfuil oiliúint i luathscríbhneoireacht na craoltóireachta bunriachtanach. Níl a leithéid d'oiliúint le fáil in Éirinn. Ní féidir na méadaithe breisithe molta a bhfuiltear ag súil leo um fhotheidealú bheo a bhaint amach gan aghaidh a thabhairt ar an gcás seo.

Leanann RTÉ de bheith tiomanta go hiomlán do fhotheidil a chur ar fáil do lucht allaíre agus a roghanna agus a moltaí maidir le fotheidil a chur i ngníomh nuair is féidir. Tá méadú déanta againn ar aschur fotheidealaithe in aghaidh na bliana agus leanfaimid de sin – ag uasmhéadú úsáid na bhforbairtí nua sa teicneolaíocht.

Tá a leathanach gréasáin féin anois ag seirbhís fotheidealaithe RTÉ (http://www. rte.ie/tv/subtitles/) ar a bhfuil liosta de chláir a bhfuil fotheidil leo chomh maith le treoir soleanta céim ar chéim ar rochtain laethúil clár fotheidealaithe ó do theilifíseán.

Eagraíonn RTÉ cruinniú leis na grúpaí luchta bodhair agus allaíre in aghaidh na bliana ionas gur féidir leo ceisteanna ábhartha a tharraingt aníos, caighdeán na bhfotheideal a phlé agus rogha clár a mholadh chun fotheidealaithe. Eagraíodh cruinniú 2006 idir ionadaithe ó Chumann Bhodhair na hÉireann (IDS), an NAPD (National Association for Deaf Persons) agus an IHHA (Irish Hard of Hearing).

Foireann RTÉ. Fostóir suntasach is ea RTÉ le 2,287 mball foirne ag deireadh na bliana 2005. Is é 40.87 bliain d'aois meánaois na mball foirne fireann agus 36.96 bliain d'aois meánaois na mball foirne baineann. Tá cothromaíocht mhaith ó thaobh inscne de sa lucht saothair, 1.0.85 is ea an cóimheas fireannach: baineannach. As iomlán de 234 bainisteoir, tá 136 fireannach agus 98 mbaineannach ann (58%:42% nó 1:0.72).

Fostóir de rogha

Tá d'aidhm ag RTÉ gairmréim dhúshlánach luaíochtach a chur ar fáil le haghaidh na foirne atá ann agus le teacht. Is cuma cén leibhéal ag a n-oibríonn lucht foirne nó an post a bhíonn acu, ba cheart a gcion a aithint agus a chúiteamh mar is cuí. Soláthróidh RTÉ rólanna agus deiseanna comhlíontacha do bhaill fhoirne chun a gcumas a chur chun cinn agus a fhíorú. Bímid ag obair go leanúnach chun timpeallacht a chruthú mar a bhfuil baill fhoirne tiomanta do agus ábalta chun sásamh a bhaint as post agus iad ag baint amach spriocanna gnó RTÉ.

Is fostóir comhdheiseanna é RTÉ agus déanann sé iarracht gach caidreamh le baill fhoirne a láimhseáil go tuisceanach cuirtéiseach le meas, ag aithint indibhidiúlachta agus dínit an uile duine.

Aithníonn an eagraíocht an tábhacht a bhaineann le:

- Gach eolas cuí ar an eagraíocht agus ar na coinníollacha fostaíochta a thabhairt do gach ball foirne
- Deis a thabhairt do gach ball foirne a c(h)uid tuairimí a chur in iúl gan bac maidir le polasaithe na heagraíochta
- Leanúint le forbairt próisis páirtíochta leis an bhfoireann, le ceardchumainn agus le grúpaí ionadaíochta
- Ceart a bheith ag baill fhoirne ábhar is cúram dóibh a tharraingt aníos maidir le haon eolas ar leith, nó aon amhras atá bunata i gceart, a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le mírialtachtaí ábhartha, iarbhír nó dóchúil, i a) reachtáil RTÉ; nó b) gníomhaíochtaí comhghleacaithe, conraitheoirí, soláthraithe nó custaiméirí (ar a dtugtar de ghnáth *polasaí nochta scéil*)
- An oiliúint agus an fhorbairt riachtanach do bhaill foirne a sholáthar chun go ndéanfaidís an jab a leagtar orthu agus soláthar a dhéanamh ar riachtanais comharbais agus athchóirithe fostaíochta
- Tacú le comhlachais fhoirne mar is cuí, Comhar Creidmheasa RTÉ, Club Lúthchleasa & Sóisialta RTÉ, Cuallaíocht Charthannachta RTÉ san áireamh
- Tacú le Comharchumann Cúraim Leanaí RTÉ i soláthar creise ar an láthair (féach an cás-staidéar).

Éilítear ar chinnirí/bhainisteoirí rannóg RTÉ athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú a lucht foirne ar bhonn bliantúil, ag cur athrú eagraíochtúil agus coranna eile san áireamh chun a riachtanais oiliúna a chinntiú. Tá cinnirí/bainisteoirí rannóg freagrach as cláir oiliúna cuí a chur ar bun agus is gá dóibh aon ghníomh eile a mheas ar féidir é a bheith riachtanach um phearsanra mar is gá de thoradh an athbhreithnithe foirne.

Mar chuid de pholasaí Acmhainní Daonna RTÉ, ba cheart go mbeadh gach ball foirne den tuairim go:

- gCoimeádtar ar an eolas iad i dtaobh ábhair a bhaineann leo
- Lorgaítear a ndearcadh maidir le cleachtas atá ann faoi láthair agus le hathruithe molta a ghoillfidh orthu
- nÚsáidtear coistí comhairleacha i RTÉ le haghaidh fíormhalartú tuairimí
- gCuirtear ar fáil áiseanna cearta chun casaoidí a chúiteamh
- Bhfuil timpeallacht oibre sábháilte, folláin acu ina gcaitear leis na fostaithe uile le dínit agus le meas, saor ó chiapadh agus ó bhulaíocht.

Luach saothair agus coinníollacha fostaíochta

Fostaíonn RTÉ raon leathan de dhaoine gairmiúla agus daoine ardoilte – mar shampla, fostaíonn an eagraíocht an líon is mó ceoltóirí, aisteoirí, iriseoirí, léiritheoirí agus stiúrthóirí in Éirinn. Féachann RTÉ le huaireanta réasúnta oibre a sholáthar do gach ball foirne, le go leor ama a thabhairt le haghaidh scíthe, saol teaghlaigh agus forbairt phearsanta.

Tá Sinéad Casey fostaithe i Rannóg Chorparáideach RTÉ

Is ceirneoir í Jenny Huston ar RTÉ 2fm

Tá Henry Kelly fostaithe i Raidió RTÉ

Tá Massimo Marraccini fostaithe i nGrúpaí Oirfide RTÉ

Agus í ag feidhmiú cláir éagsúlachta saothraíonn an eagraíocht chun na cleachtais is fearr a chinntiú sa chothromaíocht oibre/saoil phearsanta. Admhaíonn RTÉ an imní shóisialta atá ag dul i méid i measc fostaithe go mbeadh cothromaíocht cheart idir a gcuid oibre ar tuarastal agus éilimh an tsaoil phearsanta agus an teaghlaigh. Cuireann RTÉ raon cleachtas i bhfeidhm a chabhraíonn le daoine a saoil oibre a chomhcheangal agus a chomhbhainistiú le freagrachtaí agus ábhair shuime lasmuigh den ionad oibre. Tá na cleachtais seo ar fáil don bhfoireann chomh fada agus a cheadaíonn socraithe an ghnó. Airítear ina measc:

- Socraithe oibrithe, postroinnt san áireamh
- Saoire mháithreachais bhreise ag deireadh na tréimhse reachtúla
- Saoire aithreachais
- Sosanna gairme
- Teilea-oibriú – ar modh oibrithe é agus nach jab oibre ann féin. Is éard is ciall leis jab cionroinnte a dhéanamh go leictreonach, ó bhaile de ghnáth seachas as an mbunáit oifige
- Áiseanna Creise - soláthraíonn Comharchumann Cúraim Leanaí RTÉ áiseanna gairmiúla cúraim leanaí ar-láthair do leanaí na mball foirne ó aois a trí mhí. Thacaigh RTÉ le bunú agus le cothabháil leanúnach na Creise agus faoi láthair tá sé ag tabhairt aghaidh ar sholáthar saoráide nua méadaithe a bheidh saintógtha.

Beidh sé mar pholasaí coiteann ag RTÉ, maidir le rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta, caitheamh go cóir le gach ball foirne is cuma cén grád nó stádas. Cinnfear luach saothair agus coinníollacha oibre i dtaca le dea-chleachtas sa bpobal i gcoitinne, an chéad cheann i gcónaí faoi réir acmhainne airgeadais RTÉ. Ciallaíonn caitheamh go cóir le daoine go mbunófar difreálaigh chomthromasacha, airgeadaíochta nó a mhalairt, idir gráid éagsúla foirne. Is ceart go léireodh difreálaigh dá leithéid céimeanna éagsúla dualgais agus freagrachta, a chinnfear chomh córasach agus is féidir.

Ceadófar saoire bhliantúil de ghnáth, agus chomh fada agus is féidir, ag an am is mian leis an ball foirne aonánach í a thógáil, faoi riar ag práinn na seirbhíse ag bainisteoir rannóige an bhaill foirne. Meastar ar fiúntas saoire gan pá ar feadh tréimhsí gearra i gcónasc le saoire bhliantúil, ar chúiseanna príobháideacha nó cúiseanna speisialta.

Leas foirne

Caitheann RTÉ a lán ama agus áiseanna ag plé le leas a fhoirne mar tá sé tiomanta do chothabháil an leibhéil is airde de shláinte agus leasa ceirde a foirne. Léirítear an tiomantas seo sa raon leathan de pholasaithe agus de chláir a riarann Acmhainní Daonna agus cuireann gach polasaí pearsanra leas na foirne san áireamh. Tá réimse na ngníomhaíocht leasa leathan agus soláthraíonn riar a chás do leas na foirne, idir leas leithleach agus comhleas.

Soláthraíonn RTÉ scéim phá bhreoiteachta cuimsitheach agus tá gach ball foirne cumhdaithe um Shochair Dhíobhálacha Ceirde. Tá forbairt déanta ag RTÉ ar roinnt scéimeanna árachais chun baill fhoirne a chumhdach i gcás breoiteachta fadtéarma, tionóisce nó bás faoi sheirbhís. De bhreis ar árachas coiteann tionóisce RTÉ, a fheidhmíonn i leith gach ball foirne agus iad ag obair ar siúl ón mbonnáit, tá polasaí ar leith ag RTÉ chun baill fhoirne a chumhdach a ordaítear dóibh a bheith gafa le gníomhaíochtaí guaiseacha agus iad ar dualgas do RTÉ.

Aithníonn RTÉ go bhfuil riachtanas ann timpeallacht oibre sábháilte sláintiúil a sholáthar agus tógann san áireamh go hiomlán na rialacháin atá sa reachtaíocht ábhartha, go háirithe an *tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989*. Tá dhá shaghas seirbhíse leasa um lucht foirne: iad siúd a riartar ag Acmhainní Daonna chun tairbhe na foirne i gcomhchoitinne agus mar a dtéann Acmhainní Daonna i dteagbháil le seirbhísí tacaíochta comhairleoireachta nó leasa eile.

Tá Seirbhísí Leighis Saothair ar fáil don bhfoireann, má bhíonn gá lena leithéid d'idirghabháil de thoradh breoiteachta nó gortaithe. Tá d'áis ag bainisteoirí Acmhainní Daonna glaoch ar sheirbhísí saineolaithe leasa le cúnamh a thabhairt i bplé le cásanna aonánacha mar a thagann siad aníos. Tairiscíodh méid áirithe clár Scagthástála Sláinte don bhfoireann mar chuid dár bpolasaí réamhghníomhach um fhadhbanna sláinte, idir coiteann agus ar leith. Riarann RTÉ grúpscéimeanna le haghaidh an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (VHI), BUPA agus VIVAS, ag tabhairt 10% de lascaine do bhaill fhoirne ar tháillí árachais bliantúla.

Tá polasaí cuimsitheach RTÉ um fhrithchiapadh ar fáil do gach ball foirne, é saincheaptha chun go gcinnteofaí feasacht ar cad a bheadh ina údar ciaptha, ciaptha gnéasaigh nó bulaíochta, agus chun creat gnásúil a sholáthar chun plé le gearáin. Tá painéal de Phearsain Teagmhála Sannta ar fáil chun comhairle faoi rún, nó cúnamh agus treoir a sholáthar i modh oibiachtúil le súil go réiteofaí gearáin faoi chiapadh, ciapadh gnéasach nó bulaíocht. Is é príomhchuspóir an pholasaí agus na seirbhíse seo timpeallacht oibre sábháilte sláintiúil a sholáthar ina gcaitear leis na fostaithe uile le dínit agus le meas.

Tá dréachtpholasaithe nua ar Strus agus ar Mhí-úsáid Alcóil agus Drugaí á bhforbairt.

Scéal na mBan

Is mná iad 42% de na bainisteoirí sinsearacha i RTÉ agus mar sin tá an scéal réasúnta ach níl sé chomh maith agus is ceart dó a bheith. Mar sin tá *Straitéis Forbartha Gairmréime* ag an eagraíocht a sholáthraíonn sraith moltaí chun gairmréimeanna ban a fhorbairt agus a bhreisiú. Tá na moltaí seo tar éis ionchorpraithe i bpolasaithe agus i nósanna imeachta atá ann, mar is cuí, mar shampla in earcaíocht agus roghnúchán, cothromaíocht saothair/saoil agus measúnú feidhmíochta.

Faoin tionscnamh seo, eagraíodh treoirchlár meantóireachta i Teilifís a raibh d'aidhm leis dul chun cinn gairme do mhná a spreagadh san eagraíocht. Eochairthoradh a bhí sa straitéis seo as rannpháirtíocht RTÉ i *Women Active in Diversity Equality* (WADE) – tionscnamh a thionscain agus a mhaoinigh An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoin mBeart Comhionannais do Mhná de na Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha, An Plean Forbartha Náisiúnta (2000-2006).

Roghnú agus Forbairt Foirne

Is ar thuillteanas atá roghnú foirne le ceapadh chun RTÉ bunaithe riamh agus choíche agus tá sé seo mar phríomhaidhm ag gach gnás earcaíochta. Is é polasaí RTÉ maidir le hardú foirne an ball foirne is oiriúnaí a ardú go folúntas ar bith, ag cur cumais, taithí agus acmhainne san áireamh, i gcomhréir le hoibleagáidí RTÉ mar fhostóir comhionannais. De ghnáth, chomh fada agus is féidir, leantar polasaí d'ardú foirne as laistigh den eagraíocht, i gcomhréir le measúnú RTÉ ar a riachtanais fhoirne.

Is é polasaí coiteann RTÉ an oiliúint is gá don bhfoireann a sholáthar:

- Chun an post a leagtar orthu a chomhlíonadh
- Chun féin-fhorbartha
- Chun a scileanna agus a gcuid eolais a fheabhsú
- Chun athoiliúna nuair is gá
- Chun an spreagadh agus an mheanma is fearr is féidir a bhaint amach
- Chun solúbthacht agus inoiriúnacht a spreagadh sa bhfoireann agus mar sin fás agus forbairt na heagraíochta a chumasú.

Spreagann RTÉ an fhoireann chun féin-fhorbartha agus chun a scileanna agus a gcuid eolais a fheabhsú trí staidéar príobháideach, le linn am saor de ghnáth, agus le tacaíocht chuí ó RTÉ

Caidreamh Foirne agus Comhpháirtíocht in RTÉ

Luíonn an bunfhreagracht as dea-chaidreamh leis an bhfoireann le RTÉ mar fhostóir. Tá RTÉ tiomanta don a bheith tionscantach in iarracht a dhéanamh timpeallacht caidrimh chomhchuí a chruthú agus a chothú lena fhoireann, le ceardchumainn agus grúpaí ionadaíocha. Déanann RTÉ dianiarracht cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann iomlán go díreach agus go neamhdhíreach trí ghrúpálacha éagsúla ionadaíochta. Is é polasaí RTÉ caibidlíocht a stiúradh trí chómhargáil.

Feictear comhpháirtíocht i RTÉ mar chaidreamh trína n-aithníonn gach taobh go bhfuil ábhair shuime agus cearta dlisteanacha ag an taobh eile, chomh maith le hoibleagáidí. Tá sé intuigthe as comhpháirtíocht go bhfuil comhábhair shuime acu i rath na heagraíochta, ina hiomaíochas, ina hinmharthanacht agus ina rath. Tá na páirtithe tiomanta do chomhthuiscint ar thochaí RTÉ a chruthú agus do chomhroinnt na ndualgas agus na sochar a leanann an tuiscint sin.

Is mór ag RTÉ dearcadh agus tuairimí na foirne agus mar tháscaire ar sin eagraíodh suirbhé ar an atmaisféar oibre i 2005 agus athdhéanfar é sna blianta amach anseo mar is gá. Gabhadh i gceann an suirbhé ar bhonn neamhspleách agus faoi rún agus ba iad na cuspóirí a bhí leis ná:

- Cabhrú leis an eagraíocht tuairimí na mball foirne a thuiscint níos fearr maidir le heochair-réimsí mar ceannaireacht, solúbthacht agus cumarsáid
- Cumarsáid aníos a fheabhsú
- gNíomhú go cuí mar fhreagairt ar an aiseolas.

Tá na torthaí á n-anailísiú, á roinnt leis an bhfoireann agus forbrófar pleananna gníomhaíochta chun athruithe cuí a chur i bhfeidhm.

Sláinte agus Sábháilteacht

Mar an Craoltóir Seirbhíse Poiblí Náisiúnta cinntíonn RTÉ go soláthrófar ar an bhfoireann na háiseanna agus na hacmhainní chun a sábháilteacht ag an obair a chaomhnú. Chomh maith leis sin, déanann RTÉ iarracht a chinntiú go soláthróidh sí timpeallacht oibre sábháilte do chonraitheoirí, rannpháirtithe agus daoine a thugann cuairt ar ár n-áitreamh agus ár saoráidí éagsúla.

Sláinte agus Sábháilteacht – Riachtanais Reachtacha

Tá de dhualgas ar RTÉ, faoin reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, ionad oibre sábháilte a chinntiú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil orainn córais oibre sábháilte, gléasra agus innealra sábháilte agus na hacmhainní atá riachtanach chun seo a bhaint amach a sholáthar don bhfoireann. Chun é seo a chomhlíonadh, tá ar RTÉ a leagan amach i scríbhinn conas a bhainfidh sí amach an riachtanas seo. Cleachtar dea-ghnás chuncomhlíonadh na reachtaíochta um Shláinte agus Sábháilteacht a chinntiú agus réitíonn an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta sannta Tuarascáil Bhliantúil.

Tá RTÉ ag cur críoch le próiseas tiomsaithe ráitis sábháilteachta do gach Rannóg Chomhtháite Gnó (IBD), ag sainaithint na mbaol a ghabhann le craoltóireacht agus an polasaí bainistithe a bhaineann le sábháilteacht san ionad oibre. Cuimsíonn próiseas dréachtaithe ráiteas sábháilteachta Treoirlínte um Shainaithint Guaise agus Laghdú Baol, leithdháileadh freagrachtaí agus nós imeachta comhairliúcháin foirmiúil. Ar an bpríomháit i measc na bpolasaithe seo, tá an riachtanas chun baill fhoirne a oiliúint maidir le réimsí sábháilteachta a bhaineann lena bpoist, a mbíonn baol ag gabháil leo i gcónaí. Mar shampla, sa chás go mbíonn riachtanas ar dhuine láimhsiú a dhéanamh toisc ábhar an jab, tá oiliúint gach trí bliana éigeantach. Tá na poist seo ar fad sainaitheanta ag RTÉ agus rinneadh oiliúint agus tá sceideal ina ionad. Ar na réimsí eile ina dtarlaíonn oiliúint shábháilteachta éigeantach tá iriseoirí agus criúnna le dliteanas obair a dhéanamh i gcriosanna cogaidh, a bhfuil *Oiliúint ar Thimpeallacht Naimhdeach faighte acu uile.* Tá Láithreoirí/Iriseoirí a bhfuil dliteanas orthu físcheamaraí digiteacha a úsáid tar éis dul faoi oiliúint shábháilteachta cuí.

Tá oiliúint shábháilteachta éigeantach faighte ag baill fhoirne, leictreoirí stiúideo agus teicneoirí Craolta Seachtrach (OB), a éilítear orthu a bheith ag obair ar arda. Soláthraíonn RTÉ *Oiliúint um Phas Sábháilteachta* éigeantach gach ceithre bliana do bhaill foirne le dliteanas a bheith ag obair i láthair ina mbíonn obair tógála ar siúl.

Tá samplaí eile den dea-chleachtas atá ceaptha chun a chinntiú go mbainfimid amach, agus go sáróimid, más féidir, gach riachtanas éigeantach um shláinte agus sábháilteachta. Orthu seo tá:

- Déantar dréachtú ar phleananna sábháilteachta atá sainiúil don láthair le haghaidh gach mórthionscadal chun na *Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre (Tógáil) 2001 a chomhlíonadh*
- Bíonn córais 'ceadúnais fostaíochta' i bhfeidhm mar a bhfuil siad riachtanach
- Déanann RTÉ monatóireacht ghéar ar oibríocht conraitheoirí ar an láthair trí chód cleachtais a shainíonn critéir údaruithe
- Bhí riachtanas ann le hoiliúint um fheasacht sábháilteachta d'oibreoirí nua le tabhairt isteach Físcheamaraí Digiteacha.
- Tugadh oiliúint i nósanna imeachta Measúnaithe Riosca don fhoireann craolta sheachtraigh raidió ar fad.
- Tá cinntithe ag RTÉ go bhfuil an líon éigeantach foirne oilte i ngarchabhair agus go bhfuil nuashonrúchán ar tairiscint dóibh gach trí bliana. Tá an riachtanas éigeantach sáraithe ag RTÉ le hoiliúint a thabhairt do gach duine a thairg dá d(h)eoin féin go dtí seo a bheith páirteach sa chlár.

Láithreoirí *The Den* de chuid Teilifís RTÉ

- Cheannaigh RTÉ cúig Uathdhífhibrileoirí Seachtracha i mí Bealtaine 2005 agus thug oiliúint ar a n-úsáid do 46 bhall foirne
- Táirgtear oiliúint maorachta tine dhá uair sa bhliain don bhfoireann ar fud na heagraíochta
- Cuirtear vacsaíniú deonach in aghaidh an fhliú ar fáil don bhfoireann uile.

Is ionann go leor gnéithe de Bhainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta éifeachtach agus dea-chleachtais bhainistíochta agus pléitear le ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta, ó thaobh an dlí agus na moráltachta de, ar bhonn ionannais le gach gné eile d'fhreagracht bainistíochta laistigh de RTÉ. Féachann an eagraíocht lena bheith réamhghníomhach maidir le tosca sláinte agus sábháilteachta, e.g., feidhm a bhaint as measúnaithe sláinte réamhfhostaíochta chun oiriúnacht na mball foirne do na tascaí a shanntar dóibh a chinntiú. Má sainaithnítear oiliúint mar réamhriachtanas go bhfuil gá leis don bpost, seachadtar é.

Cumasaíonn struchtúir páirtíochta laistigh de RTÉ ionadaithe atá ainmnithe go háitiúil ceisteanna sábháilteachta a thabhairt aníos ag leibhéal áitiúil le sás atreoirithe chuig an Grúpa um Athbhreithniú Sábháilteachta a bhfuil ionadaithe as ar fud na heagraíochta ann. Déanann Oifigeach um Shábháilteacht RTÉ cathaoirleacht ar an nGrúpa um Athbhreithniú Sábháilteachta agus bíonn cruinniú démhíosach acu.

An Timpeallacht Oibre Fhisiceach

Tá RTÉ tiomanta do thimpeallacht oibre chompordach, a bhfuil teacht éasca uirthi, a sholáthar don bhfoireann uile agus do chinntiú go bhfuilimid ag tacaíocht leis an gcomhshaol agus sin á dhéanamh againn. Sa bhliain 2005, chuir siad 1,600 ríomhaire pearsanta nua d'úsáideoirí in ionad na ríomhairí a bhí ann. Tugadh isteach áiseanna priontála nua freisin chun cóipeáil, scanadh agus priontáil dhéthaobhach a spreagadh, rud a íoslaghdaíonn dramhaíl páipéir. Tacaíodh leis an dá tionscnamh seo le seisiúin oiliúna don bhfoireann le hábhair oiliúna atá ar fáil ar inlíon RTÉ. Tionscnamh eile a thacaíonn leis an timpeallacht gan pháipéar is ea úsáid Marconi, inlíon RTÉ. Tá gach aon cháipéis inmheánach ar fáil le híoslódáil ar an inlíon (e.g. an lámhleabhar foirne, leabhrán pinsin, tuarascáil bhliantúil) chomh maith le háiseanna ar líne chun iarratas ar shaoire bhliantúil, costais agus íocaíocht fiacha a phróiseáil.

Tá an oifig phlean-oscailte i RTÉ compordach, le spásanna go leor idir dheascanna, agus landairí idir dheascanna má iarrtar. Cuirtear fuaraitheoirí uisce chomh maith le hionaid cistine ar fáil ar gach urlár.

Freagrachtaí Foirne

San *RTÉ Code of Business Conduct* agus sa *RTÉ Policy on Personal and Public Activities of Staff* cuirtear síos ar fhreagrachtaí na foirne sna réimsí seo:

- Dualgas an chúraim don eagraíocht
- Faisnéis faoi rún a chosaint
- Sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Coinbhleachtaí leasa
- Ceannach earraí agus seirbhísí
- Comhionanna
- Tiomantas do pháirtithe leasmhara
- Pobail áitiúla
- Gníomhaíochtaí pearsanta seachtracha ar féidir go dtiocfaidis salach ar an neamhchlaontacht.

Tacaíocht le carthanais

Déanann foireann RTÉ tabhartais go fial agus go deonach do mhórán carthanas éagsúil. Mar fhreagairt ar iarratais foirne bunaíodh an *RTÉ Staff One World Fund* i 1986 le comhthacaíocht a dhíriú chun dálaí maireachtála daoine i limistéir an tríú domhain a bhreisiú trí thionscadail pobalbhunaithe a mhaoiniú. Déantar maoiniú ar an gciste trí ranníocaíochtaí deonacha ó fhoireann RTÉ agus comhpháirtithe RTÉ. Tá maoiniú déanta go dtí seo ar níos mó ná 150 tionscadal i limistéir san Afraic, san Áise agus i Meiriceá Theas agus tacaíonn RTÉ leis an gciste trí áiseanna asbhainte ag an bhfoinse a sholáthar agus trí chion tairbhe a dhéanamh ar ócáidí. Sa bhliain 2005, chuimsigh siad seo suim airgid a fuarthas go hanaithnid gan cúis ar bith atá ar eolas agus cistí a tiomsaíodh ag rannpháirtíocht foirne i dtionscadal corparáideach.

CÁS-STAIDÉAR
Comharchumann Cúraim Leanaí RTÉ (Creis)

Is comharchumann é Comharchumann Cúraim Leanaí RTÉ ina bhfuil tuismitheoirí ina ngeallghlacadóirí ann. Toghann na geallghlacadóirí Coiste Bainistíochta ag Cruinniú Bliantúil an Chomharchumainn. Reachtálann bainisteoir lánaimseartha a dhéanann teagmháil leis an gCoiste Bainistíochta an Chreis ó lá go lá.

D'fhás an Chreis ó thús simplí i 1987 agus tá fairsinge, feabhas agus fás tar éis teacht uirthi le himeacht na mblianta go dtí go ndearna saoráid shona, chomhbhách dea-eagraithe di, mar atá inniu.

Táirgeann sí plean cúraim leanaí de chúig bliana do thuismitheoirí le líon saothair ard-cháilithe, comhbhách a bhfuil taithí a ngnó acu agus a sholáthraíonn cobhsaíocht agus slándáil do na leanaí uile.

Tá polasaí iontrála oscailte ag Creis RTÉ – tá cead isteach ag tuismitheoirí am ar bith den lá agus bíonn baill fhoirne i gcónaí ar fáil le plé a dhéanamh le tuismitheoirí ar leanbh agus a d(h)ul chun cinn.

Déanann an chreis freastal ar na haoisghrúpaí seo a leanas:

- Babaí 4 go 12 mí
- Déagóirín 12 go 18 mí
- Mamailíneach 18 go 24 mí
- Naíonra 24 go 30 mí
- Réamh-Montessori 30 go 36 mí
- Montessori 36 mí go tosú ar an scoil.

Feidhmíonn an Chreis ar bhonn tráchtála, ach déanann RTÉ fóirdheontas uirthi i raon slite.

Déanann RTÉ:

- An t-áitreamh a sholáthar de réir chomhaontú léasa
- Na costais téimh, leictreachais agus teileafóin a íoc
- Maoiniú a sholáthar don gcreis i modh deontais bliantúil.

San am atá thart, chuir RTÉ maoiniú aon-uaire ar fáil anois is arís le haghaidh tionscadail mhórscála, e.g. i 1999, rinneadh maoiniú ar thionscadal suntasach chun athchóirithe agus fairsingithe.

Faoi láthair, tá cead pleanála faighte ag RTÉ le saoráid Creise nua a thógáil.

Ár nIdirbheartaíocht Ghnó. Feidhmíonn RTÉ de reir *Cóid Cóir-Thrádála* a scaipeadh ar ár bpríomhteagmhálacha gnó agus atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag http://www.rte.ie/about/organisation/fairtrading.html. Tá próiseas sainithe chun plé le gearáin maidir lenár modh trádála, agus táimid, gan amhras, faoi réir ag rialúcháin idir náisiúnta agus Eorpach.

Ón dearcadh Freagrachta Corparáidí de, is iad ár n-eochairpháirtithe gnó:

- Fógróirí
- Soláthraithe, agus conraitheoirí/ fochonraitheoirí san áireamh
- Léiritheoirí neamhspleácha clár.

Déanann an eagraíocht a dícheall a bheith iomlán macánta agus cothrom ina idirbheartaíocht ag cinntiú go bhfuil téarmaí gnó follasacha ann, ag cuimsiú gnáthaimh prapíocaíochta, agus taobhú le riachtanais cosanta sonraí. Ní thairgeann nó ní ghlacann RTÉ le breabanna d'aon tsaghas nó ar aon chúis.

Ár bhFógróirí

Is eagraíocht chómhaoinithe í RTÉ le tuairim is 50% dár maoiniú ag teacht ón bpobal, tríd an Táille Cheadúnais, agus 50% ag teacht ó fhoinsí tráchtála – trí fhógraíocht agus urraíocht den gcuid is mó.

Tá líon suntasach de Chóid, de Threoirlínte agus d'Orduithe a rialaíonn ábhar fógraíochta/ urraíochta. Is iad na príomhChóid atá i gceist ná *Cód i leith Caighdeán, Cleachtas agus Toirmisc agus Saghsanna Eile Tionscnamh Díolacháin sna Seirbhísí Craolacháin* (1995) den Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus an *Cód i leith Fógraíochta do Leanaí* (2005) de chuid Choimisiúin Craolacháin na hÉireann. Feidhmíonn RTÉ a chóid féin freisin, an *Code of Standards for Broadcast Advertising* (1985) agus an *RTÉ Broadcast Sponsorship Guidelines* (2004). Chomh maith leis sin, tá RTÉ rannpháirteach sa *Code of the Advertising Standards Authority for Ireland* (2005). Mar bhreis ar na Cóid agus na Treoirlínte, tá rialacha de líon atá ag dul i méid d'Údaráis Rialála mar chuid de na rialúcháin Fhógraíochta, mar shampla, an Rialtóir Airgeadais, an Premium Rate Services Regulator agus Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí.

Ár Soláthraithe

Cloínn RTÉ le Treoirlínte an Rialtais do Chomhlachtaí Stáit (dá dtagraítear uaireanta mar an "Green Book") mar a sainmhínítear iad sa *Public Procurement Booklet* ar fáil ó http://www.e-tenders.gov.ie agus Treoirlínte an AE do sholáthar. Tá *Purchasing Policies and Procedures Manual* mionsonraithe ar fáil do gach ball foirne le freagrachtaí sa réimse seo.

Mar mhórsholáthraí earraí agus seirbhísí spreagann RTÉ cleachtais chomhshaoil iontaofa ag ár soláthraithe agus ár gconraitheoirí de réir na gcleachtas aitheanta is fearr agus na reachtaíochta comhshaoil reatha. Mar chuid dár ngnáthaimh soláthar cuirtear in iúl do sholáthraithe agus do sholáthraithe ionchasacha go bhfuil polasaí comhshaoil i bhfeidhm ag RTÉ agus go mbíonn cúrsaí comhshaoil mar chuid de na critéir in úsáid i roghnú soláthraithe.

I measc cláir móréilimh ar Theilifís RTÉ, a coimisiúnaíodh ón earnáil léiriúcháin neamhspleách, tá *No Experience Required* (ar dheis), *Killinaskully* (ar chlé)

Léiritheoirí Neamhspleácha

Tá caidreamh ar leith ag RTÉ le Léiritheoirí Neamhspleácha clár. Breisítear leasa na craoltóireachta in Éirinn, leasa RTÉ san áireamh, ag forbairt ar earnáil léiriúcháin neamhspleách, a bheadh daingean brabúsach seasmhach. Is i dtimpeallacht a bhisíonn talann idir cruthaíoch agus tráchtála, agus a aithníonn an chomhfhreagracht, idir eagarthóireachta agus airgeadais araon, atá ann idir RTÉ agus an earnáil neamhspleách is fearr a bhainfear amach riachtanais RTÉ mar choimisinéir agus mar chraoltóir, agus riachtanais na hearnála neamhspleáiche mar léiritheoirí clár teilifíse.

Faoi reachtaíocht, tá ar RTÉ sainshuim a chaitheamh in aghaidh na bliana chun cláir theilifíse neamhspleácha a mhaoiniú (pé acu trí fhorbairt nó coimisiúnú nó maoiniú comhlánaithe). Socraíodh an tsuim ag £16m i 1999, - le hardú de réir an Innéacs Praghsanna Tomhaltóirí (CPI) bliantúil ina dhiaidh sin. Ba é €29.4m an tsuim riachtanach i 2005; chaith Teilifís RTÉ breis is €74.6m leis an earnáil sin i rith na bliana sin, ag sárú an mhéid riachtanaigh go suntasach.

Déanann RTÉ coimisiúnú ar chláir neamhspleácha thar na séanraithe ar fad. Bainistíonn na hEagarthóirí Coimisiúnaithe leagan amach na gclár dá réimsí féin. Láimhsítear na gnéithe gnó agus airgeadais, dleathacha agus riaracháin de choimisiúin RTÉ tríd an Aonad Neamhspleách Léiriúcháin (IPU).

Mar atá sonraithe i reachtaíocht, coinníonn RTÉ cuntas bainc ar leith le haghaidh an chaiteachais reachtúil ar choimisiúnú neamhspleách, eisíonn Tuarascáil Bhliantúil ar léiriúcháin neamhspleácha agus tá tar éis gnáthaimh riaracháin idir coiteann agus airgeadais a chur ina ionad le haghaidh choimisiúin neamhspleácha. Cuirtear na treoirlínte seo ar fáil ionas go mbeidh tuiscint ag an earnáil neamhspleách ar ghnáthaimh, ar pholasaithe agus ar oibríocht RTÉ i réimse an choimisiúnaithe neamhspleáich, agus d'fhonn follasacht agus freagracht RTÉ a léiriú i ngach gné dá ghníomhaíocht choimisiúnaithe.

Cumann *Téarmaí Trádála* RTÉ an creat d'idirbheartaíocht le léiritheoirí neamhspleácha. Déantar athbheartaíocht leis an earnáil (trí Screen Producers Ireland (SPI), eagras ionadaíochta na léiritheoirí neamhspleácha) ar na *Téarmaí Trádála* seo, agus na Conarthaí Caighdeánacha um Fhorbairt/ Choimisiúnú/Chomhlánú gach 3-5 bliana).

Cuimsítear coimisiúnú neamhspleách ag *Code of Fair Trading* RTÉ, agus tá Cód Cleachtais (a chuimsíonn gnás casaoide) aontaithe ag RTÉ le SPI freisin, maidir le déileáil chóir ag RTÉ, ina bhfuil tograí cláir bunaigh curtha isteach ag léiritheoirí neamhspleácha.

Chomh maith leis sin, saothraíonn RTÉ le cinntiú:

- Go dtuigeann léiritheoirí neamhspleácha riachtanais RTÉ i leith leagan amach clár agus a tosaíochtaí don Sceideal Teilifíse
- Go dtuigeann agus go n-aithníonn pearsanra RTÉ cumas agus cruthaitheacht na hearnála neamhspleáiche.

Baintear seo amach trí chumarsáidí rialta idir RTÉ agus SPI, trí chorrsheiminéar agus trí rannpháirtíocht rialta ag RTÉ ag féilte tionscail, comhdhálacha etc.; tá RTÉ freisin ina bhall de Chónaidhm Chlosamhairc de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).

Tá rannán tiomnaithe ar an IPU agus a ghnáthaimh choimisiúnaithe ar láithreán Gréasáin RTÉ, http://www.rte.ie/tv/ipu



I measc cláir móréilimh ar Theilifís RTÉ, a coimisiúnaíodh ón earnáil léiriúcháin neamhspleách, tá *Show me the Money* (ag barr), *No Frontiers* (ag bun)

CÁS-STAIDÉAR
Tarchuradóireacht RTÉ Teo. (RTÉNL) agus pobail áitiúla

Is fochuideachta faoi lánúinéaracht RTÉ í RTÉNL agus tá sí freagrach as na seirbhísí tarchuir. Glacann RTÉNL freagracht as a bheith ag iarraidh fáil ar sheirbhísí a uasmhéadú – faoi láthair tá fáil ag c98% de dhaonra na hÉireann ar Theilifís RTÉ. Éascaítear an glacadh don chuid is mó le Stáisiúin Tarchuradóra agus sainaithníodh méid áirithe suíomh nua i rith na bliana 2004 chun réimsí a shíneadh chuig tithe nach raibh fáil ar chomhartha roimhe sin acu.

Scéimeanna Pobail
Glacann tithe áirithe a gcomhartha trí Scéim Áitiúil Fhéinchabhrach/ Pobail agus tá RTÉNL ag saothrú faoi láthair chun roinnt Scéim Pobail ar fud na tíre a uasghrádú. Tá 73 suíomh sainaitheanta; cuid díobh seo a raibh deontaschúnamh acu nó soláthar déanta ag RTÉ orthu san am atá thart agus méid áirithe a suiteáladh go neamhspleách ag an bpobal áitiúil nó ag oibreoirí córais sraonaire.

De réir mar a ndéantar suirbhé ar gach Scéim Pobail, déanfar plé leis an úinéir (na húinéirí) talún le súil le ceadúnas nó comhaontú a fháil a cheadóidh rochtain shábháilte dleathach do RTÉNL don suíomh agus do shochrúchán an trealaimh Craolta. Ní raibh ceadúnas inaimsithe i roinnt cás agus tá RTÉNL tar éis scoitheadh de na suímh sin agus i gcás amháin iarradh ar RTÉNL an trealamh craolta a aistriú ón suíomh agus comhlíonadh an t-iarratas seo.

Táthar ag fáil láthair áirithe deacair le ceadúnas a fháil mar tá cónaí ag na húinéirí thar lear agus iad deacair le teagmháil leo. Tá na pobail áitiúla sna láthair seo ag déanamh a ndícheall ceadúnais a bhaint amach i gcomhairle leis na húinéirí ar ár son.

Agus ceist rochtana dleathaí beartaithe, sainaithníonn RTÉNL an obair is gá chun na suímh seo a thabhairt os cionn bunchaighdeán.

Saoráidí feabhsaithe
De na 73 suíomh, tá cuairt déanta ar 61 cheann agus iad doiciméadaithe chomh fada agus is féidir. Tá marcáil leormhaith déanta ar na suímh, tá bunachar pobalaithe le faisnéis ar nós úinéireacht talún, an trealamh a úsáideadh, na minicíochtaí a sannadh etc., agus taifead fótagrafach tiomsaithe.

Is iad na príomhcheisteanna atá le réiteach ná soláthar leictreachais, ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta um fhoireann cothabhála ag freastal, trealamh le cur in ionad comhpháirteanna atá i léig nó neamhfhóinteach agus slándáil an trealaimh.

Bhí sé riachtanach i roinnt cásanna na scéimeanna a athshuíomh, mar bhí sé míbharainneach bealaí isteach fada sábháilte a thógáil thar tír-raon fíor-dheacair.

Tá deacrachtaí i suímh áirithe maidir le glacadh dea-chomhartha foinse ó tharchuradóir agus ins na suímh seo, tá RTÉNL ag úsáid comhartha díorthaithe ó fhoinse satailíte chun atarchurtha.

Tá iomlán de 26 suímh shainaitheanta le haghaidh uasghrádaithe roimh dheireadh 2006.

Ba é an scéal ag lár 2006:

- Bhí comhaontas dlíthiúil ina ionad ag 31 suíomh
- Bhí comhaontas i bprionsabal, ach nár síníodh, ann maidir le seacht suíomh
- Bhí luathchaibidlíocht ar siúl le húinéirí talún maidir le sé suíomh
- Bhí sé suíomh tar éis a bheith scoite uathu
- Bhí suíomh amháin bainte anuas ar iarratas
- Bhí 22 suíomh ag luathchéim iniúchta.

Tá an leibhéal chéanna dul chun cinn beartaithe do 2007 agus beidh mar thoradh deiridh ar an ngníomhaíocht seo seirbhís níos fearr agus leanúnach chuig tithe atá i limistéir atá cian ó thaobh tíreolaíochta de.

Rialtas agus Rialálaithe. Tá RTÉ freagrach don Oireachtas (ag feidhmiú thar cheann mhuintir na hÉireann) tríd an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Ceapann an Rialtas an tÚdarás naoi mball. Ceapadh an tÚdarás reatha i Meitheamh 2005 do thréimhse thrí bliana.

Tá Údarás RTÉ freagrach faoi láthair as Rialachas Corparáideach agus Rialáil:

Baineann *Rialachas* leis na socruithe lena gcinntítear go bhfuil an eagraíocht á bainistiú go héifeachtach ar son a húinéirí – muintir na hÉireann.

Baineann *Rialáil* le sonrú agus leanúint rialacha trí earnáil ar leith – earnáil an chraolacháin i gcás RTÉ.

Ní ionadach í Freagracht Chorparáideach (CR) ar rialachas nó rialáil nó ar a gcomhlíonadh araon. Is mó go gcuireann CR cuspóirí corparáideacha níos sia chun cinn ná mar a éilítear ag dlí nó rialáil, trí infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna, comhshaoil agus sóisialta.

Creideann RTÉ go gcomhdhéanann comhlíonadh, chomh maith le reachtaíocht ábhartha agus rialáil, na híoschaighdeáin is ceart d'eagraíocht atá tiomanta don CR a aimsiú; creideann RTÉ freisin go gcaithfear na cúinsí inmheánacha cuí a chruthú chun uaschaighdeáin rialachais agus rialála a bhaint amach. Agus sin á dhéanamh, déanann RTÉ dianiarracht an tsamhail rialachais agus rialála is oiriúnaí dá stádas mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí (PSB) i.e.:

- Go bhfeidhmíonn sé de réir a chuspóir mar chraoltóir chruthaitheach nuálaíoch inspioráideach a bhfuil muinín as
- Gur leis na daoine é agus tuairiscíonn air féin, ar a luacha, a chaighdeáin agus a fheidhmíocht, do na daoine, a chumasaíonn é a bheith ann
- Go bhfaigheann sé maoiniú poiblí agus go dtugann cuntas ar a chaiteachas
- Go n-iompraíonn sé é féin mar a dhéanfadh corparáid fhreagrach ar bith.

Freagrachtaí Údaráis RTÉ

Tá RTÉ ag tabhairt aghaidh ar iliomad oibleagáid comhlíonta agus rialála idir náisiúnta agus Eorpach. Chomh maith leis sin, is gá dó a chaighdeáin féin a leagan amach (faoina rialú féin) le bheith ina PSB den scoth chomh maith lena chinntiú go mbainfear amach scoth na gcaighdeán rialtais chorparáide.

(a) An Timpeallacht Rialála Chorparáideach

Ní foláir d'Údarás RTÉ:

- Comharthaí sóirt cultúir corparáidigh eiticiúil atá faoina rialú féin a shainaithint – e.g. go gcomhlíonfadh baill an Údaráis agus an Bhoird Fheidhmeannais oibleagáidí na rialála corparáidí agus dualgais eile a chuireann an *tAcht Um Eitic In Oifigí Poiblí, 1995* agus *An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* orthu. Foilsíonn RTÉ *Code of Business Conduct for Authority Members* ar a láithreán Gréasáin freisin
- Na caighdeáin do chomhlachtaí poiblí a bhaint amach agus na cóid iompraíochta – go háirithe an *Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* faofa ag an Rialtas, agus éigeantach don earnáil stáit. Tuairiscíonn Cathaoirleach Údaráis RTÉ don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar bhonn bliantúil ar fheidhmíocht RTÉ maidir le comhlíonadh an Chóid seo
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin rialachais atá ag teacht chun cinn.

(b) Freagracht Chorparáideach
Ní foláir d'Údarás RTÉ:

- Neamhspleáchas ar aon chur isteach trádála nó polaitíochta a léiriú
- A bheith follasach i gcleachtais bhainistíochta airgeadais agus cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara trí thuarascálacha foilsithe agus cuntais iniúchta go neamhspleách
- Coimeád suas leis na caighdeáin tionsclaíochta atá ag teacht chun cinn a léiríonn an cleachtas is fearr agus feabhas leanúnach.

(c) Comhlíonadh Corparáideach
Is gá d'Údarás RTÉ a chinntiú:

- Go bhfuil rialuithe inmheánacha leormhaithe ann – trí critéir agus modhanna meastóireachta, sásanna iniúchta coiste agus feidhmithe a bhunú, le comhlíonadh a chinntiú
- Go bhfreagraíonn sé go cuí d'oibleagáidí seachtracha – oibleagáidí tuairiscithe don Oireachtas, do Rialálaithe, don gCoimisiún Eorpach etc.

(d) Féin-Rialáil
Caithfidh Údarás RTÉ caighdeáin inmheánacha a leagan amach agus cloí lena leithéidí, mar shampla:

- Caighdeáin eagarthóireachta agus na cleachtais is fearr
- *Treoirlínte do Dhéantóirí Clár*
- Cóid maidir le fógraíocht agus urraíocht
- Cóid iompraíochta maidir le neamhchlaontacht agus coinbhleacht leasa
- *Cód Cóirthrádala.*

(e) Rialáil Sheachtrach
Caithfidh Údarás RTÉ a chinntiú go gcomhlíonfar na freagrachtaí a fhorchuireann údaráis sheachtracha éagsúla ar RTÉ. Áirítear orthu siúd:

1. Creatlach Reachtach an Aontais Eorpaigh
Caithfidh RTÉ téarmaí rialachán éagsúla an Aontais Eorpaigh atá ábhartha don gcraolachán a chomhlíonadh, go háirithe:

- *Treoir Teilifís gan Teorainn*
- Rialacha Iomaíochta maidir le Cabhair Stáit
- Follasacht Airgeadais i Seirbhís Phoiblí
- *Creatlach Chumarsáide Leictreonaigh.*

2. Creatlach Reachtach Náisiúnta
Tá feidhm ag reachtaíocht náisiúnta agus riachtanais rialálaithe araon maidir le RTÉ i stiúradh gach gné dá ghnó. Áitítear ar na riachtanais seo:

- Reachtaíocht craolacháin
- Reachtaíocht maidir le hIomaíocht, Airgeadas, Fostaíocht, Comhionannas, Sláinte agus Sábháilteacht mar aon le reachtaíocht náisiúnta eile, *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* san áireamh.
- Cóid agus Caighdeáin Clár de chuid Choimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) m.sh. i leith Fógraíochta do Leanaí
- Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh de chuid an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin
- Rialacháin agus ceadúnais speictream ComReg
- Rialacha Iomaíochta.

Céim sa bhreis

Ag sárú a oibleagáidí éigeantacha, tá uaillmhian ag RTÉ na caighdeáin rialachais corparáideacha is airde a bhaint amach agus aithníonn sé, mar an caighdeán atá le baint amach, an *Combined Code on Corporate Governance 2003* (Financial Reporting Council, London), a bhfuil feidhm aige maidir le comhlachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartáin na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe araon. Baineann RTÉ amach riachtanais an Combined Code ar mhórán bealach, go háirithe i réimse na Cuntasachta agus an Iniúchta agus, mar shampla, tá RTÉ i measc mionlaigh comhlacht stáit a bhfuil polasaí nochta scéil acu.

Ní bhaineann RTÉ amach áfach na riachtanais uile sonraithe do Bhoird ag na Combined Codes, e.g., measúnú feidhmíochta boird agus athbhreithniú ar fheidhmiú Cathaoirligh. Is de bharr modh ceapacháin Údaráis RTÉ den chuid is mó atá sé seo amhlaidh agus toisc, mar is léir, nach féidir go mbeadh feidhm leis na forálacha maidir le scairshealbhóirí institiúideacha i gcás corparáide reachtúla mar RTÉ.

Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí:

Mar chuid de phacáiste beart a comhaontaíodh ag an Rialtas i Nollaig 2002 mar fhreagairt ar iarratas RTÉ ar ardú ar an Táille Cheadúnais, aontaíodh go bhfeidhmeódh RTÉ de réir *Cairte um Chraolachán Seirbhíse Poiblí*. D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an Chairt i Meitheamh 2004 agus déanfar athbhreithniú foirmiúil uirthi i gcionn cúig bliana.

Míníonn an Chairt na freagrachtaí agus na hoibleagáidí a leagtar ar RTÉ ag reachtaíocht náisiúnta agus Aontais Eorpaigh agus leagann amach a bhfuil RTÉ tiomanta do, maidir le soláthar seirbhísí agus cuntasachta. Tá téacs iomlán na Cairte ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (http://www.dcmnr.gov.ie/Broadcasting) agus tuairiscíonn RTÉ go bliantúil ar chomhlíonadh na riachtanas.

100
EURO
Treasurer of the United

CÁS-STAIDÉAR
Follasacht i gcaiteachas airgid poiblí

- Úsáid Táille Ceadúnais aonair a bailíodh

	2005	2004
	€	€
RTÉ One	63.07	61.44
RTÉ Two	31.19	32.28
RTÉ Radio 1	9.87	10.28
RTÉ RnaG	8.78	8.57
RTÉ Lyric fm	5.01	5.18
Grúpaí Oirfide RTÉ	10.56	10.36
Tacaíocht do TG4	7.58	7.03
Cion iomlán RTÉ	136.06	135.14
Ciste craolacháin	7.25	7.12
Costais bhailithe: An Post/DCMNR/DSFA	10.83	9.74
Meánchostas gach ceadúnas craolacháin aonair *	154.14	152.00

*Ardaíodh an Táille Cheadúnais ó €152 go €155 155 le héifeacht ó 1 Aibreáin 2005

- Tábla 2: Sannadh an ioncaim ceadúnais a fuair RTÉ i 2005

- 46% RTÉ One
- 23% RTÉ Two
- 17% RTÉ Radio 1
- 4% RTÉ lyric fm
- 6% RTÉ RnaG
- 6% Tacaíocht Curtha ar Fáil do TG4
- 8% Grúpaí Oirfide



Léiríonn na táblaí thuas conas mar a chuireann RTÉ miondealú cáilithe grafach ar conas mar a úsáidtear an Táille Cheadúnais ar fáil dár bpáirtithe leasmhara uile, a chuimsíonn Rialtas, Rialálaithe agus, a thábhachtaí ar fad, an t-íocóir Táille Ceadúnais, le húsáid na faisnéise agus na hanailíse a chuirtear ar fáil sna ráitis airgeadais mionsonraithe.

Tá sé riachtanach do RTÉ agus a ráitis bhliantúla airgeadais á n-ullmhú aige, go gcomhlíonadh sé forálacha:

- Na bPrionsabal Cuntasaíochta a nglactar go hiondúil leo
- Na nAchtanna Craolacháin
- Gnéithe de threoracha an Aontais Eorpaigh um fhollasacht atá trasuite i nDlí na hÉireann.

Tá ar RTÉ de réir an *Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí* sonraí a sholáthar ina thuarascáil bhliantúil ar na costais agus an t-ioncam a bhaineann le gach seirbhís dá chuid.

Comhlíonann RTÉ na riachtanais seo ina n-iomláine agus tá sé tiomanta thairis sin d'fhaisnéis airgeadais chuimsitheach fhollasach a sholáthar ar fheidhmiú a ghníomhaíochtaí ar fad, agus go háirithe mar a úsáideadh maoiniú poiblí a fuarthas. Tá sé mar aidhm ag RTÉ, tríd an anailís airgeadais chuimsitheach seo a chur ar fáil, a n-íocóirí Táille Ceadúnais a éascú le feiceáil conas mar a chaitear a gcuid airgid agus a léiriú go bhfaigheann siad luach ar airgead.

Is é atá i gcroí-léiriú tiomantais RTÉ d'fhaisnéis airgeadais fhollasach a sholáthar ná faisnéis airgeadais mionsonraithe atá mar chuid de ráitis airgeadais RTÉ atá iniúchta go seachtrach agus foilsithe i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ (ar fáil ar http://www.rte.ie/about).

Cuimsíonn na ráitis seo:

- Nóta mínithe cuimsitheach a leagann amach an mhódheolaíocht in úsáid in anailís na gcostas agus an ioncaim, agus sannadh maoinithe na Táille Ceadúnais
- Anailís na gcostas, an ioncaim agus sannta na Táille Ceadúnais ag na Rannáin Chomhtháite Ghnó, aonaid eagraíochtúla RTÉ.
- Anailís ar chostais, ioncam agus sannadh na Táille Ceadúnais de réir cainéil / seirbhíse
- Anailís an ioncaim agus na gcostas ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus seirbhíse neamhphoiblí, ag léiriú sannta maoinithe na Táille Ceadúnais do ghníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí,
- Anailís costas agus ioncaim uile TG4 ag léiriú sannta an Deontais-i-gcabhair do TG4 agus sannadh an mhaoinithe Táille Ceadúnais do sholáthar clár RTÉ ar TG4
- Anailís ar Tháillí Líonra a ghearrann RTÉNL ar Sheirbhísí uile RTÉ
- Anailís ar ghlansóchmhainní de réir Rannáin Chomhtháite Ghnó.

Éilíonn giniúint na faisnéise seo cothabháil córas cuntasaíochta le hacmhainn chun anailís fhorleathan mionsonraithe a ghiniúint ar chostais agus ar ioncam chomh maith le bainteacht fhairsing pearsanra Airgeadais RTÉ i dtáirgeadh na faisnéise.

An Comhshaol. Tá RTÉ tiomanta do chaomhnú comhshaoil agus d’inbhuanaitheacht, d’fheabhsú ár bhfeidhmíocht chomhshaoil agus meáite ar aon drochthionchar a leanann a ghníomhaíochtaí craolacháin a íoslaghdú.

Tá an eagraíocht tiomanta do dhíriú ar an gceist seo trí na prionsabail ghinearálta atá cuimsithe i *RTÉ's Environmental Policy*:

Feasacht
Saothraíonn RTÉ leis an bhfoireann iomlán a chur ar an eolas agus a inspreagadh maidir lenár bhfreagrachtaí comhshaoil agus a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i dtiomantas RTÉ dá bheartas comhshaoil.

An Comhshaol agus an Pobal
Saothraíonn RTÉ le pobail áitiúla in áiteanna éagsúla ar fud na tíre ar shaintionscnaimh chomhshaoil ar an láthair. Cuimseofar sonraí ar na tionscnaimh chomhshaoil áitiúla seo agus ar cheisteanna comhshaoil a bhaineann le leas an phobail i dtuarascála CR atá le teacht.

Feabhas Leanúnach
Rinneamar, agus táimid fós ag déanamh, monatóireacht ar shainspriocanna feabhais, agus déanaimid tuairisciú inmheánach ar dhul chun cinn. Agus arís, mar chuid de Thuairisciú CR, foilseofar na spriocanna agus an dul chun cinn seo go seachtrach sna blianta romhainn amach.

Bainistiú Maoine
Tá RTÉ tiomanta do shíoriarracht ár láithreacha agus ár bhfoirgnimh a fheabhsú. Tá sé mar bheartas againn ár bhfoirgnimh a thógáil, a athchóiriú agus a bhainistiú i modh a mhaolóidh an tionchar comhshaoil a ghabhann leis sin agus a bheidh báúil leis an gcomharsanacht máguaird agus an timpeallacht nádúrtha. Agus sinn ag díriú ar cheist na héifeachtachta fuinnimh inár bhfoirgnimh, glacann RTÉ páirt i laghdú astuithe gáis ceaptha teasa de réir comhaontaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Samplaí de bhearta úrnua maidir le bainistiú maoine a raibh tionchar díreach deimhneach intomhaiste acu ar an gcomhshaol is ea:

- Suiteáil dhá idircheapóir peitril chun rioscaí truaillithe uisce dhromchla a dhíbirt
- Córas ísealfhuinnimh locáilte curtha in ionad córais teasa in dhá fhoirgneamh a raibh de thoradh air laghdú suntasach in astú carbóin
- Córais níos lú agus níos sábháilte a úsáideann stóráil oighir curtha in ionad an chórais fuaraithe i bhfoirgneamh amháin; bhí laghdú suntasach in úsáid fuinnimh de thoradh air
- Suiteáil fuarthóra i bhfoirgneamh amháin a raibh maolú suntasach ar úsáid fuinnimh de thoradh air.

Tá os cionn 130 suíomh tarchuir ag RTÉNL ar fud na tíre a bhfuil astú Radaíochta Neamhianaí de thoradh orthu; tá nósanna imeachta ina n-ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na leibhéal molta. Tá ComReg tar éis comhlíonadh lena gcoinníollacha um cheadúnas a dheimhniú agus tá RTÉNL freisin ag feidhmiú laistigh de threoirlínte an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianaíoch (ICNIRP)

Soláthar
Cumann cúrsaí comhshaoil cuid de na critéir atá in úsáid ag RTÉ chun soláthraithe a roghnú.

Bainistíocht Dramhaíola
Leanann RTÉ de chur chun cinn, d'fhorbairt agus de chur i bhfeidhm seachanta, laghdaithe, athúsáidte agus athchúrsála dramhaíola go córasach costéifeachtach. Bainimid úsáid as conraitheoirí bainistithe dramhaíola atá rialaithe go cuí chun a chinntiú go mbeidh bainistíocht sábháilte ann de réir an chleachtais chomhshaoil is fearr ar dhramhaíl a sheoltar lasmuigh.



CÁS-STAIDÉAR
Forbairtí Úrnua sa 'chleachtas is fearr' um chomhshaol

Toisc go rabhamar díocasach chun glacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith freagrachta comhshaoil i gcoitinne, agus chun na cleachtais is fearr a chur i ngníomh i réimsí mar úsáid acmhainní agus bainistíocht dramhaíola go háirithe, thapaigh RTÉ an deis curtha faoina bhráid ag a pháirtíocht sa Chlár Táirgeadh Níos Glaine/Níos Glaise (Cleaner Greener Production Programme), coimisiúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun grinn-athbhreithniú a dhéanamh ar a chórais úsáidte acmhainní agus bainistíochta dramhaíola. Tugadh faoin athbhreithniú le cabhair ó chomhairleoirí comhshaoil ó IBEC agus chuir na torthaí ar chumas RTÉ clár seachanta agus laghdaithe dramhaíola a chur ina áit. Tá tionchar nach beag aige seo ar chleachtais bhainistíochta agus diúscartha dramhaíola.

Bainistíocht dramhaíola

Ba é príomhaidhm an tionscadail athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais bhainistíochta dramhaíola reatha chun réimsí ar gá iad a fheabhsú a shainaithint. Chuir an fhoireann tionscadail rompu go háirithe:

- Na próisis agus na réimsí a ghineann dramhaíl ar an láthair a shainaithint
- Na cleachtais bhainistíochta dhramhaíola ar an láthair a athbhreithniú
- Sonraí a bhailiú ar chineál, chainníocht agus chostas bainistíochta dramhaíola ginte ar an láthair
- Eochairphearsanra RTÉ le tacú le tionscnaimh bainistíochta dramhaíola ar an láthair a shainaithint
- Oibleagáidí RTÉ maidir le reachtaíocht reatha comhshaoil (náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh) a shainaithint
- Struchtúir atá riachtanach chun bainistíocht dhramhaíola a fheabhsú a shainaithint
- Torthaí an athbhreithnithe a úsáid chun beartas comhshaoil a dhréachtú do RTÉ – saindírithe ar sheachaint dramhaíola
- Torthaí an athbhreithnithe a úsáid chun nósanna imeachta a dhréachtú le héifeacht modhanna seachanta dramhaíola a uasmhéadú agus dramhaíl ar an láthair a bhainistiú de réir beartais na heagraíochta
- Torthaí an athbhreithnithe, beartas agus nósanna imeachta a úsáid chun faisnéis a thabhairt don bhfoireann agus chun cur le feasacht comhshaoil ar an láthair.

Mar thoradh ar an athbhreithniú bunaíodh bonneagar foirmiúil láraithe um seachanta dramhaíola, Coiste Stiúrtha Comhshaoil (ESC) san áireamh, ag cuimsiú eochairphearsanra a bhfuil ar a gcumas tionchair a imirt ar éifeachtaí comhshaoil ag an gcéim phleanála de ghníomhaíochtaí gnó. Bhí de thoradh air sin go bhfuil riarachán ar oibríochtaí bainistíochta dramhaíola lárshuite, dá bharr sin ag éascú forbartha agus athraithe leanúnaigh go sruthlíneach. Rinneadh forbairt ar bheartas agus ar nósanna imeachta agus feidhmíodh iad tríd an ESC; bhí feachtas feasachta foirne ann agus leagadh amach láithreán Gréasáin comhshaoil inmheánach.

Shocraigh RTÉ sprioc de laghdú na dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún de 20% thar tréimhse 12 mhí, bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh ón athbhreithniú. Bheartaigh sé ar seo a dhéanamh trí sheachaint dramhaíola chomh maith le méid áirithe cleachtas athúsáid/athchúrsála.

CÁS-STAIDÉAR
Forbairtí Úrnua sa 'chleachtas is fearr' um chomhshaol

- Clár 1 - Iomlán Dramhaíola ag Éirí As

	Measctha	Leithscartha	Iomlán
	kgs	kgs	kgs
Eile	125.07	3,091.00	3,216.07
Páipéar	486.05	1,864.40	2,350.45
Orgánach	491.12	588.00	1,079.12
Adhmad	3.57	624.80	628.37
Cairtchlár	107.53	395.31	502.84
Miotal	90.52	299.45	389.97
Plaisteach	260.40	25.10	285.50
Gloine	55.63	77.50	133.13
Teicstílí	62.31	5.00	67.31
Comhábhar	34.52	4.60	39.12
Iomlán	1,717.00	6,975.00	8,692.00
Iomlán %	19.75	80.25	100

Iomlán Dramhaíola ag Éirí As
- 19.75% Measctha
- 80.25% Leithscartha



Bunaíodh clár athchúrsála/ leithscartha agus is amhlaidh go raibh de thoradh air go raibh laghdú de tuairim is 75-80% ar an dramhaíl a chuirtear chuig líonadh talún. Léiríonn Clár 1 thíos torthaí samplashuirbhé a rinneadh ar an láthair tar éis an chláir leithscartha.

Léiríonn sonraí an tsampla seo go bhfuil leithscaradh ar bheagán de bhreis ar 80% den dramhaíl foriomlán a éiríonn as an láthair. Tá mórchuid de seo comhcheangailte leis na Scipeanna leithscartha (adhmad/miotal agus cáblaí leictreacha/ionstraimí) agus an bailiú páipéir ar leith.

De réir ár bpolasaí ar fheabhsú leanúnach comhshaoil tá a bhfuil laistíos ar siúl faoi láthair ag RTÉ:

- Ag coinneáil le laghdú foriomlán sa dramhaíl ag éirí as próisis sheachanta dramhaíola
- Bearta bainistíochta/seachanta dramhaíola a bhí rathúil ag a bhunáit i Domhnach Broc a fheidhmiú i maoine áirithe réigiúnacha. Tharla sé seo tar éis athbhreithnithe indéantachta fhairsinge de mhaoine réigiúnacha RTÉ
- Agus córais chuí bunaithe um leithscartha ár ndramhaíola – táimid dírithe ar éiteas feabhais leanúnaigh inbhuanaithe mar shampla ag sainaithint próiseas a mhaolóidh/dhíchuirfidh tionchar ar an gcomhshaol.

Thar tréimhse dhá mhí dhéag, tá a fhios againn ónár bhfaisnéis staitistiúil go mbíonn na céatadáin d'ábhar athchúrsáilte ag luainiú ó mhí go mí ag brath ar thosca tionchair éagsúla, e.g., gníomhaíochtaí ar an láthair, amanna saoire, athruithe meoin/foirne etc. Déantar síor-mhonatóireacht air agus tá an réimse a bhaineann leis an-sásúil.

Leagfar amach spriocanna nua i rith 2006 tríd an gCoiste Stiúrtha Comhshaoil a bheidh comhcheangailte le laghdú inár dtáirgeadh dramhaíola foriomláin. D'fhéadfadh go mbeadh de thoradh air seo go mbeadh na rátaí athchúrsála gan athrú, nó faoi athrú an-bheag, ach bheadh laghdú sa tonnáiste foriomlán. Ní go dtí anois, tar éis an leithscaradh a dhéanamh ag an mbunáit, agus staitisticí againn maidir le comhdhéanamh ár ndramhaíola, go bhfuil ar chumas Coiste Stiúrtha Comhshaoil RTÉ spriocanna a leagan amach chun feabhais leanúnaigh in oiriúint do sheachaint dramhaíola. Ní ar bhonn ceiste aonuaire a dhéanfar seo, ach beidh athruithe gnó/ oibriúcháin inbhuanaithe de thoradh air, as a dtiocfaidh laghdú intomhaiste sa dramhaíl. Baineann sé le dealramh go mbainfidh cur chuige nua amach is amach leis seo, agus teachtaireacht nua á chur in iúl don bhfoireann.

Aiseolas. Tá sé ar intinn ag RTÉ, i dtuarascálacha CR amach anseo, sainchuspóirí intomhaiste a leagan amach a dhéanfaidh chomh freagrach sinn maidir le critéir shóisialta agus comhshaoil is atáimid maidir le cúrsaí airgeadais. Bheadh fáilte roimh aiseolas uaibh ar oiriúnacht na gcritéar atá liostaithe laistíos chomh maith le bhur moltaí faoi réimsí eile arb é bhur dtuairim go bhféadfaimis tabhairt fúthu.

Lucht Féachana/Éisteachta

Ba cheart do RTÉ feidhmiú ionas go gcinnteofar:

- Go gcaitear le meas lena lucht féachana/éisteachta i gcónaí agus go mbíonn a fhios acu cad a bhféadfaidís a bheith ag súil leis óna gCraoltóir Seirbhíse Poiblí e.g. trí fhoilsiú *Ráiteas Geallúntaí* in aghaidh na bliana, ag sainaithint spriocanna inghnóthaithe sainiúla
- Go mbaineann a tháirge agus a sheirbhísí clár amach na caighdeáin seirbhíse poiblí is airde is féidir
- Go bhfuil sás follasach ann chun cumarsáide dhéthreó idir baill den lucht féachana/éisteachta agus RTÉ
- Go bhfeidhmíonn sé go lánfhreagrach agus go lánfhollasach.

Foireann

Ba cheart do RTÉ soláthar a dhéanamh ar:

- Téarmaí fostaíochta agus luach saothair soiléire cothroma a chomhlíonann na riachtanais reachtaíochta agus rialála cuí ar fad idir Aontais Eorpaigh agus náisiúnta
- Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte a chomhlíonann na riachtanais reachtaíochta agus rialála ar fad
- Timpeallacht oibre ina a bhfuil meas ar gach duine agus nach nglactar le leithcheal, bulaíocht nó ciapadh d'aon tsaghas inti.

Comhpháirtithe Gnó

Ba cheart do RTÉ:

- A bheith macánta cothrom ina bheartaíocht lena chomhpháirtithe gnó ar fad, comhlíonadh riachtanais foilsithe ar rialúcháin soláthar, prapíocaíocht etc. san áireamh
- Cloí i gcónaí lena *Code of Fair Trading* foilsithe
- Comhpháirtithe gnó a spreagadh mar is cuí, chun cleachtais chomhshaoil fhreagracha a ghlacadh chuchu féin
- Gan aon tsaghas breibe a ghlacadh nó a thairiscint.

Rialtas agus Rialálaithe

Ba cheart do RTÉ:

- Gach riachtanas reachtach agus rialála a chomhlíonadh
- Na caighdeáin is airde rialachais a chomhlíonadh, agus a shárú mar is cuí.

An Comhshaol

Ba cheart do RTÉ:

- Cleachtais oibre a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú a bhfuil mar aidhm leo ár dtionchar diúltach ar an gcomhshaol a íoslaghdú
- Feasacht agus tiomantas comhshaoil a chothú i measc na foirne uile
- Sainphlean leanúnach feabhais le spriocanna bliantúla a bheith againn
- Ár maoine a thógáil agus a chothabháil ionas go laghdófar tionchair dhiúltacha comhshaoil agus go mbeidh siad báúil leis an gcomharsanacht sheachtrach agus an timpeallacht nádurtha
- Comhlíonadh a áirithiú le gach uile rialachán comhshaoil.

Is den tábhacht é go mbeadh beartais cuí ann d'fhonn idirbheartaíochta maidir leis na critéir seo ar fad leis na páirtithe leasmhara éagsúla. Ba cheart go mbeadh na beartais:

- Inrochtana – mar chruachóip nó cóip bhog
- Curtha i bhfeidhm – trí chóras dea-shonraithe cuí, agus taifid chuí á gcoinneáil
- Athbhreithnithe agus nuashonruithe ar eatraimh chuí
- Cothrom – i dtuairim an pháirtí leasmhair ar a mbíonn a dtionchar.

Bíonn tionchar iltoiseach ag RTÉ ar na pobail ina bhfuil sé ann. Ciallaíonn sin go bhfuil ár dtiomantas do bheith inár saoránach corparáideach freagrach níos criticiúla fós agus go bhfuilimid níos meáite fós ar sin a bhaint amach.

Is í seo cead tuarascáil CR RTÉ agus mar sin, tá gné chomhairliúcháin leis. Is féidir leat cabhrú le crot a chur ar ár dtuarascálacha amach anseo trí aiseolas a sholáthar dúinn, trí theachtaireacht ríomhphoist a chur chugainn led bharúil go corporate.responsibility@rte.ie, nó trí scríobh chuig Jennifer Taaffe, Cumarsáid Chorparáideach, RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Aguisíní.

Ag Déanamh Gearáin

Tá RTÉ ann chun cláir sheirbhíse poiblí den scoth a sholáthar ar raidió agus ar theilifís. Íocann na daoine Táille Cheadúnais chun na seirbhísí seo a fháil. Is féidir teacht ar na caighdeáin a leagaimid amach dúinn féin inár dtreoir, *Programme-Makers' Guidelines*, ar fáil ag http://www.rte.ie/about/organisation/guidelines

Tá daoine ar dóigh leo nach bhfuil ár gcláir comhoiriúnach dár gcaighdeáin i dteideal á dtuairimí a chur in iúl agus gearán a dhéanamh faoin a chraoltar. Tá RTÉ tiomanta do fhreagairt do gach cumarsáid réasúnta i dtaobh ábhair cláir. Is é polasaí RTÉ go bhfaigheadh gach gearán freagra bríoch a dhéanann iarracht díriú ar na ceisteanna a ardaítear i ngearáin.

Tá RTÉ tiomanta don a leanas:

- Tabharfar freagra ar gach gearán a fhaightear, i scríobh nó trí ríomhphost, ag duine cuí den bhfoireann léiriúcháin laistigh de 20 lá oibre
- Cuirfear gearánaithe ar an eolas, go bhfuil próiseas athbhreithnithe ar fáil dóibh laistigh de RTÉ, sa chás nach bhfuil siad sásta leis an bhfreagra a fhaigheann siad. Déanfar an t-athbhreithniú i gcónaí ag Bainisteoir Eagarthóireachta ar chéim os cionn an bhaill foirne a fhreagair an gearán ar an gcéad dul síos.
- Ba cheart do dhaoine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra a fuair siad a scríobh chuig Complaints' Review, c/o The Head of Public Affairs Policy, RTÉ, Baile Átha Cliath 4. Cuimseoidh comhfhreagras ó Complaints' Review eolas faoi cheart gearáin an phobail leis an gCoimisiún um Ghearáin Craolacháin. Is féidir comhfhreagras ríomhphoist a chur freisin chuig complaints.review@rte.ie

An Coimisiún um Ghearáin Craolacháin

Is féidir le daoine gearáin a dhéanamh i gcúinsí áirithe freisin leis an gCoimisiún um Ghearáin Craolacháin (BCC). Bunaíodh an BCC ag an Aire Poist agus Telegrafa i 1977 faoi fhorálacha Ailt 4 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976. Ní féidir leis an BCC breithniú a dhéanamh ach ar ghearáin a bhaineann le réimse teoranta de ghníomhaíochtaí RTÉ. I measc na bhforas gearán tá:

Craoltaí Nuachta:

Sa chás gur theip ar mhíreanna nuachta a bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta, nó má ghríosaíonn siad coireanna nó má bhaineann siad an bonn d'údarás an stáit, nó má chuimsíonn siad nochtadh ar thuairimí féin an Údaráis. (Léirmhínítear an ghné dheireannach seo mar nach ceart go dtabharfadh na tuairiscí amach nó nach gcuirfeadh siad ar aghaidh tuairimí na ndéantóirí clár).

Cúrsaí Reatha:

Má dhéanann an craoladh tagairt do cheisteanna faoi phlé reatha caithfidh na cláir caitheamh go cothrom leis na leasanna ar fad agus ábhair a chur i láthair go neamhchlaonta oibiachtúil. Tá an toirmeasc chéanna ar ghríosú chun coire i bhfeidhm is atá maidir le nuacht.

Na Cláir i gCoitinne

Is féidir gearáin a dhéanamh freisin má bhraitheann daoine gur sáraíodh a gcuid príobháideachta go míréasúnta.

Is féidir gearáin a dhéanamh má chreideann breathnóir nó éisteoir gur sáraíodh treoirlínte maidir le breithiúnas agus cuibheas. Éilíonn Alt 19 den Acht Craolacháin 2001 ar an BCI "*cód a réiteach a shonróidh caighdeáin le comhlíonadh, agus rialacha agus cleachtais le coimeád, maidir le breithiúnas agus cuibheas ábhair cláir . . . agus go háirithe, maidir le léiriú foréigin agus iompair gnéasaigh . . .*"

Fógraíocht

Is féidir gearán a dhéanamh má bhraitheann duine go sáraíonn fógra a chraoltar ar raidió nó ar theilifís an Cód i leith Caighdeán, Cleachtas agus Toirmisc agus Saghsanna Eile Tionscnamh Díolacháin sna Seirbhísí Craolacháin
Déantar riarachán ar an gCoimisiún um Ghearáin Craolacháin ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is é bcc.ie a sheoladh Greasáin.

AGUISÍN 2
Sábháilteacht cláir i Raidió RTÉ agus i dTeilifís RTÉ

Is réimse ríthábhachtach í an tsábháilteacht i ndéanamh clár ar Raidió agus ar Theilifís araon chun comhlíonta dualgas an chúraim dá bhfoireann, do chonraitheoirí agus do chuairteoirí ag RTÉ agus chun comhlíonta na reachtaíochta sábháilteachta

Tá nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta RTÉ faoi athbhreithniú leanúnach agus tugadh isteach forbairt nua i Meán Fómhair 2004. Gabhtar i gceann *Measúnú Riosca Réamh-Imeacht* (Pre-event Risk Assessment) anois roimh mhórimeachtaí áirithe. Tugadh isteach na nósanna imeachta measúnaithe tar éis próisis chomhairliúcháin le déantóirí clár.

Is gá an dá fhoirm a leanas, foirm um Mheasúnaithe Riosca Cláir (PRA2) agus foirm um Mheasúnaithe Riosca Stiúideo (SRA1) a gcomhlánú araon agus a gcomhdú roimh cláir Theilifíse beo. Tá riachtanais dá leithéid ann do chláir Raidió agus tabharfar isteach cinn le haghaidh Nuacht agus Cúrsaí Reatha i 2006.

Is áis í an fhoirm seo chun a chinneadh cad í an choimirce is gá chun gach duine a bhfuil baint acu leis an léiriúchán seo a chosaint, e.g. foireann, ealaíontóirí, rannpháirtithe, conraitheoirí agus baill den bpobal. Nuair atá an fhoirm seo chomhlánaithe agus sínithe ag an léiritheoir i gceannas, ba cheart í a chomhdú leis an bhfoirm um Mheasúnaithe Riosca Stiúideo (SRA1).

Measúnú Riosca Cláir Teilifíse

Sonraí léiriúcháin	Stiúideo
Duine ag cur na foirme isteach	**Léiritheoir**
Uimhir theagmhála	
Dáta curtha isteach na foirme	
Ainm an chláir	
Sonraí gníomhaíochta	
Dáta nó tréimhse chumhdaithe ag an measúnú riosca seo	
Daoine i mbaol	

Sonraí Riosca/guaise

Cineál guaise	Guais Bainteach Le Duine / Ainmhí	Guaiseanna Bainteach Le Stiúideo	Guaiseanna Bainteach Le Hábhar Teicniúil/meicniúil
Sonraí na guaise iarbhíre			
Samplaí	▸ Scannánaíocht ar nó i ngaireacht d'ainmhí(ithe) inchontúirteach(a) ▸ Saothar fisiceach ag baill criú ▸ Easpa taithí fhoirne ▸ Riosca de bharr láithreachta leaní ag nó sa stiúideoo ▸ Riosca do bhaill pobail nó eile Torann (Bannaí etc.)	▸ Féach Foirm SRAI. Caithfear aon athrú uirthi sin a mhionshonrú lastuas ▸ Tabhairt isteach déanach míreanna nua nó formáidí nua.	▸ Leictreachas/gás ▸ Éachtaí/scannánú maisíochta ▸ Piriteicnic/ scannánaíocht gar do thine ▸ Scannánaíocht gar d'innealra dáinséarach ▸ Scannánaíocht le hardú trealaimh troim ▸ Craenacha Ceamara/ Jibeanna ▸ Úsáid gaireas uisce

Mar a cuireadh chun riosca a laghdú / bearta srianta

Sonraí beart srianta	
Samplaí	▸ Ainmniú sainduine (daoine) sa stiúideo le dualgais bainteach le sábháilteacht, ▸ Úsáid éadaí cosanta, e.g., clogad sábháilteachta ▸ Úsáid trealaimh shábháilteachta sainiúil, e.g., úim shábháilteachta ▸ Taighde ar shonraí leighis ábhartha , e.g., galar teochriosach ▸ Na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas, e.g., na Gardaí ▸ Trealamh cumarsáide, e.g., fón póca / fón satailíte ▸ Fáil ar dhídean / ionad sábháilte ▸ SONRAÍ saineolaithe / daoine ábhartha fostaithe nó tascaithe le laghdú riosca ▸ SONRAÍ faisnéisiú ábhartha agus faisnéis agus treoirlínte a chuirfidh an léiritheoir in iúl don gcriú agus do dhaoine eile ábhartha bainteach leis an gclár

Measúnú Ar An Riosca Iomlán

Ard	
Meánach	
Íseal	

AGUISÍN 2
Sábháilteacht cláir i Raidió RTÉ agus i dTeilifís RTÉ

Is áis í an fhoirm seo chun a chinneadh cad í an choimirce is gá chun gach duine a bhfuil baint acu leis an léiriúchán a chosaint, e.g. foireann, saoririseoirí, ealaíontóirí, rannpháirtithe, conraitheoirí agus baill den bpobal. Caithfear í a chomhlánú i gcónasc le foirm PRA2.

Measúnú Riosca Stiúideo

Dáta	**Stiúideo**

Céim 1. Sainaithin Guaiseanna (ticeáil)

01 Teacht isteach agus Dul amach		19. Slaod	
02 Láimhsiú		20. Substaintí guaiseacha	
03.Leictreachas (fearais iniompartha san áireamh)		22. Arda.	
04. Bheith i gClosraon Torainn		23. Ardaitheoir hiodrálach	
05. Sciorrthaí, Tuislí, Titim		24. Fearas ardaithe	
06. Ainmhithe		25. Obair aonair	
07. Smacht ar lucht éisteachta / féachana)		26. Ceobhrán	
08. Ceimiceáin		27. Ardán rochtana gluaisteach	
09. Gás comhbhruite		28. Trealamh oifige	
10. Spásanna teoranta		29. Trealamh cosanta pearsanta (P.P.E.)	
11. Obair thógála		30. Fearais, rostraim, suíocháin	
12. Feisteas		31. Stóráil (seilfeanna, racaí)	
13. Fearas scáileáin taispeánta		32. Stróbshoilsiú/Léasair)	
14. Sábháilteacht ar dhóiteán (Sábháilteacht foirgnimh)		33. Foréigean (ionsaí/neamhord poiblí)	
15. Moilliú tine		34. Timpeallacht oibre (láthair sealadacha san áireamh)	
16. Ábhar inlasta		35. Patrúin oibre/Eagrú oibre	
17. Sláinteachas bia		36 Uisce	
18. Fearais gháis		37 Guaiseanna eile	

Céim 2. Grúpaí i mbaol go háirithe

Leanaí (dul isteach neamhúdaraithe san áireamh)		Conraitheoirí/fochonraitheoirí/foireann ó rannóga eile	
Mná torracha agus máithreacha ag beathú críche		Daoine faoi míchumas nó tosca shláinte	
Fostaithe nua		Baill an phobail	
Oibrithe óga gan taithí		Eile (sonraigh led thoil)	

Céim 3. Caithfear na rioscaí uile a sainaithníodh thuas a mheas ag úsáid na foirmeacha a soláthraítear laistíos.

Cad a bheadh ina chúis díobhála? Liostaigh anseo na guaiseanna a nótáil tú lastuas.	
Cé do/di a bhféadfaí díobháil a dhéanamh & Conas? Tabhair breithniú ar leith i gcónaí do dhaoine faoi riachtanais speisialta	
Riosca atá ann Ard/Meánach/Íseal	

AGUISÍN 3

Iris Chlub Bricfeasta, iris de chuid RTÉ lyric fm, eagrán na Bealtaine 2006

Cuirtear chun siúil Iris Chlub Bricfeasta, iris de chuid RTÉ lyric fm, go míosúil i rith na scoilbliana agus is sampla í dár bhfor-rochtain le leanaí agus le scoileanna.

RTÉ lyric fm

Breakfast Club Gazette

ISSUE NO. 8 MAY 2006

Welcome to all of our NEW Breakfast Club Members!

INTRODUCING... JOHN WILLIAMS (b. 1932)

JOHN WILLIAMS

John Williams was born on February 8, 1932 in Long Island, New York, and moved with his family to Los Angeles when he was 16. He studied composition at university there, and then joined the US Air Force. Afterwards he returned to New York to study piano at the famous Juilliard School of Music. He worked as a jazz pianist for a time, and then moved back to Los Angeles to begin his career as a film music composer. Mr. Williams has composed the music for almost eighty films and has composed some of the most famous themes ever written for cinema. These include *Jaws*, *ET - the Extraterrestrial*, *Jurassic Park*, all the *Star Wars* films, the *Indiana Jones* trilogy, and *Harry Potter*. He has been awarded five Oscars, four British Academy Awards, sixteen Grammies and three Golden Globes. He also has several gold and platinum recordings.



Hi Gang,
I hope you all had a great Easter and didn't eat too much chocolate! We haven't had time to eat much of anything because we have been busy putting together a jam-packed Breakfast Club Gazette this month. First of all, many thanks to the drama students of Michele Nolan-O'Driscoll for their wonderful artwork, some of which we have featured in this month's issue. Also have a look at the exciting new CD which we're compiling. We need your help with this one - just fill in the form on the back page and vote for your favourite pieces of music that you would like us to put on your CD. So get your thinking caps on.

See you all next month, Carl

Experiments with *SOUND*

In this months Gazette we mention string instruments and string quartets. It's very easy to make your own string sounds. Why not give it a try?

You'll need an empty shoe box and some rubber bands of different lengths and thickness. Stretch the rubber bands around the box, but make sure the strings aren't touching. Now strum or pluck the rubber bands. Notice how some of the bands are tighter. Try some of the looser bands. See if they sound different.

Tune 1 3/5/06	
Tune 2 10/5/06	
Tune 3 17/5/06	
Tune 4 24/5/06	
Tune 5 31/5/06	

Why don't you **listen in**? Every Wednesday at 8:20am Carl will play a piece especially for our Breakfast Club. Write down the name of each tune for a month, send us the form below and you might win a prize!

Name:_____ Teacher's Name:_____

School:_____

Address:_____

QUARTET CLASSICS is the new CD from RTÉ lyric fm featuring the RTÉ Vanbrugh Quartet. The 14 tracks include serenades, dances and lullabies and is a unique essential collection of music from the greatest composers for string quartet. It includes the famous Hofstetter Serenade, the Dvorak Waltz in A major, Borodin's Nocturne from *String Quartet in D major*, Barbers Adagio for strings and a Gershwin Lullaby. The RTÉ Vanbrugh Quartet is widely regarded as one of Europe's finest and most successful string quartets. If you play a string instrument, and would like to hear more music written for string ensembles, then **QUARTET CLASSICS** would be a great start to your collection!

Musical Pictures!

Remember last month we told you that Claude Debussy liked to write music that created a picture, and we invited you to try doing the opposite – drawing a picture inspired by music? Well some of the drama students at the Royal Irish Academy of Music sent us some drawings that they drew after listening to Saint Saens 'Carnival of the Animals'. You can see them below – aren't they great?

Why don't you try listening to some music by this our Composer of the Month, John Williams, and see what pictures you can come up with! If you send them into us, you might even see your picture on next months Gazette!

From Jane Brassil, aged 5, in Ballsbridge

From Kate Eustace, 6, Sandymount

Lyric Breakfast Club CD

The Lyric Breakfast Team is compiling a new CD and we need your help!

We're including all your favourite pieces of classical music, but first we need to know what they are! Just fill in the form below and mail it to: Lyric Breakfast Club, RTÉ lyric fm, Cornmarket Square, Limerick
You can also email us at breakfast.lyricfm@rte.ie, or text 087 1313144 including the keyword 'carl'

Name:_____

Address:_____

Music Choice:_____